2024/1610

6.6.2024

**RIALACHÁN (AE) 2024/1610 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**

**an 14 Bealtaine 2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarrachtaí ar dhul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus ar chuspóirí Chomhaontú Pháras ([3]) a bhaint amach, ar comhaontú é a glacadh an 12 Nollaig 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), i gcroílár na teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an 'Comhaontú Glas don Eoraip'. Níl ach méadú tagtha ar riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i bhfianaise thionchair fhíor-thromchúiseacha phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar dhea-bhail eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais agus i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, nasctar tacar cuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus arb é is aidhm dóibh an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050, agus leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm aici freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar na tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An tráth céanna, déantar difear leis an aistriú sin do mhná agus d'fhir ar bhealaí difriúla agus tá tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus atá leochaileach, amhail teaghlaigh agus daoine ar ioncam íseal, daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine le cúlra cine mionlaigh nó mionlaigh eitnigh. Ní mór a áirithiú, dá bhrí sin, go mbeidh an t-aistriú cóir agus ionchuimsitheach, agus nach bhfágfar aon duine chun deiridh.

(3) Tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle eilimintí riachtanacha an phacáiste reachtaigh 'Oiriúnach do 55'mar a mhol an Coimisiún i mí Iúil 2021 a ghlacadh, chuir an tAontas, i mí Dheireadh Fómhair 2023, rannchuidiú nuashonraithe arna chinneadh go náisiúnta (NDC) de chuid an Aontais agus a Bhallstát faoi bhráid UNFCCC, lena ndeimhnítear go ndéanfaidh an tAontas a ghlanastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990.

(4) Trí Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a ghlacadh, chumhdaigh an tAontas i ngníomh reachtach de chuid an Aontais an cuspóir maidir le haeráidneodracht a bhaint amach ar fud an gheilleagair laistigh den Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí, agus an aidhm i dtaobh astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Thairis sin, leis an Rialachán sin bunaítear sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir le laghdú intíre 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe

([1]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 134.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024.
([3]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.
([4]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

a asbhaint) i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030. Leagtar síos ann freisin an creat chun spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais a bhunú agus chun buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gás ceaptha teasa a fhoilsiú don tréimhse 2030-2050.

(5) Táthar ag dréim leis go rannchuideoidh earnálacha uile an gheilleagair leis na laghduithe sin ar astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear an earnáil iompair de bhóthar. Sa teachtaireacht uaidh an 9 Nollaig 2020 maidir le '*Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future*' [Straitéis um an tSoghluaisteachta Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí], leagann an Coimisiún treochlár amach do thodhchaí inbhuanaithe agus chliste don iompar Eorpach, ina bhfuil plean gníomhaíochta ag a bhfuil an cuspóir laghdú 90 % ar astaíochtaí ón earnáil iompair a bhaint amach faoi 2050. Faoi láthair, tá feithiclí tromshaothair freagrach as níos mó ná aon cheathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar de bhóthar san Aontas agus as os cionn 6 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais.

(6) Is é is aidhm don phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', sprioc 2030 maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun feidhme. Cumhdaítear leis raon réimsí beartais. Cuid lárnach den phacáiste reachtach sin is ea an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(7) Sa Teachtaireacht uaidh an 18 Bealtaine 2022, maidir le '*REPowerEU Plan* [an Plean REPowerEU]', leag an Coimisiún amach plean chun go mbeidh an tAontas neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh dheireadh na tréimhse 10 mbliana seo. Tugtar chun suntais sa Teachtaireacht sin, inter alia, a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht breosla iontaise a mhéadú agus tomhaltas breosla iontaise a laghdú in earnáil an iompair, i gcás inar féidir leictriú a chomhcheangal le húsáid hidrigine atá saor ó iontaise chun ionadú a dhéanamh ar bhreoslaí iontaise.

(8) Chun rannchuidiú le laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus i gcomhréir le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, is den riachtanas é na ceanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242, a neartú. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh laghduithe sa bhreis a dhéanamh ar astaíochtaí ó 2030 ar aghaidh i gcás na hearnála feithiclí tromshaothair chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a ghnóthú faoi 2050.

(9) Leis na ceanglais neartaithe i dtaobh laghdú ar astaíochtaí $CO_2$, ba cheart spreagadh a thabhairt do mhéadú a dhéanamh ar sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá á gcur in úsáid ar mhargadh an Aontais agus tairbhí ó thaobh cháilíocht an aeir agus coigilteas fuinnimh de á soláthar d'úsáideoirí agus do shaoránaigh an tráth céanna, mar aon lena áirithiú gur féidir nuálaíocht i slabhra luacha thionscal na mótarfheithiclí agus na poist ardcháilíochta ghaolmhara a choinneáil ar bun. Maidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, áirítear leo faoi láthair feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí breosla-chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus leantar den nuálaíocht teicneolaíochta.

(10) Ba cheart spriocanna neartaithe nua maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú d'fheithiclí nua tromshaothair ó 2030 ar aghaidh. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar leibhéal lena dtabharfar comhartha láidir chun dlús a chur le glacadh na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais, an nuálaíocht sa teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a spreagadh ar bhealach costéifeachtach, an comhartha is gá a thabhairt chun dlús a chur le himscaradh bonneagair luchtaithe agus athbhreoslaithe ar fud an Aontais, iomaíochas fadtéarmach thionscal an Aontais ar mhargadh domhanda a áirithiú, agus rannchuidiú leis na costais oibriúcháin do chuideachtaí iompair a laghdú, agus á áirithiú ag an am céanna go bhfuil a chuspóirí ó thaobh na haeráide agus a chuspóir chun truailliú an aeir a mhaolú á gcomhlíonadh ag an Aontas.

(11) Fadhb thar a bheith millteanach is ea é truailliú an aeir i gcathracha, lena ndéantar difear do shláinte na milliún saoránach Eorpach. Tá an t-iompar ar cheann de na príomhfhoinsí truaillithe aeir uirbigh. Agus dlús á chur le feidhmiú céimneach feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, trí cheanglais neartaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$, rannchuideofar le laghdú ar fhadhb thruailliú an aeir uirbigh.

(12) Is é is aidhm don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 maidir le '*Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe*'s recovery' [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], conairí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an earnáil tionsclaíochta, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, tá conair aistrithe á forbairt chun go mbeidh éiceachóras na soghluaisteachta mar thionlacan le haistriú an tslabhra luacha i dtionscal na mótarfheithiclí. Tugtar aird ar leith i gconair an aistrithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide i slabhra soláthair thionscal na mótarfheithiclí, agus ar an gcomhairliúchán, lena n-áirítear comhairliúchán a dhéanann na Ballstáit, le páirtithe sóisialta. Déantar forbairt freisin leis an gconair ar an gClár Oibre Eorpach um Scileanna le tionscnaimh amhail an Comhshocrú um Scileanna, chun spreagadh a thabhairt don earnáil phríobháideach agus do pháirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh,

([5]) Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

agus déantar forbairt léi ar an 'Sásra Chun Cur leis an Tallann' faoi chuimsiú an tionscnaimh 'Leas a bhaint as Buanna i Réigiúin an Aontais'. Dírítear freisin i gconair an aistrithe ar na gníomhaíochtaí agus na dreasachtaí iomchuí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun borradh a chur faoi inacmhainneacht na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, an deis atá ann do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gCiste Aeráide Sóisialta a bhunaítear le Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] (an 'Ciste Aeráide Sóisialta') chun cabhrú le micrifhiontair feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a cheannach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag an aistriú sin ar FBManna feadh an tslabhra soláthair. Is é is aidhm don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023, maidir le 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' iomaíochas thionscal glan-nialasach na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú leis an aistriú mear chuig an aeráidneodracht. Is é is aidhm don phlean sin timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil chun uas-scálú a dhéanamh ar acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí glan-nialasacha a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a ghnóthú. Tá ríthábhacht le rochtain ar oiliúint agus ar athsciliú in go leor earnálacha a bheith ann, ar earnálacha iad ar gá athruithe bunúsacha a dhéanamh orthu, lena n-áirítear earnáil na bhfeithiclí tromshaothair agus earnáil an athbhreoslaithe agus an athluchtaithe, chun aistriú éifeachtach atá cóir ar bhonn sóisialta a chur i gcrích. Is freagracht chomhchoiteann iad infheistíochtaí sna scileanna is gá le haghaidh aistriú éifeachtach a chur i gcrích. Ba cheart rochtain a bheith ag fostaithe agus ag cuardaitheoirí poist ar dheiseanna athscilithe agus uas-scilithe, agus ba cheart tacú leo chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí foghlama sin. Moltar do na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí in athsciliú agus in uas-sciliú agus chun na hathruithe réamh-mheasta i margadh an tsaothair a leagan amach agus a anailísiú.

(13) In éineacht le tionscnaimh chun dlús a chur le haistriú módach i dtreo modhanna iompair atá níos inbhuanaithe, beidh ról lárnach ag neartú na gceanglas chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair agus ag feidhmiú céimneach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a bhfuil gá leis chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ earnáil na bhfeithiclí tromshaothair. Tá na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i bhflít uile an Aontais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlánú ag ceanglais an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7]. Tá ról tábhachtach ag maoiniú ón Aontas i bhfeidhmiú céimneach an bhonneagair ar an leibhéal náisiúnta. Tá imscaradh bonneagair athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair chomh tábhachtach céanna i suíomhanna príobháideacha nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, amhail in iostaí príobháideacha agus ag lárionaid lóistíochta chun luchtú thar oíche agus luchtú cinn scríbe a sholáthar. Ba cheart d'údaráis phoiblí breithniú a dhéanamh ar bhearta a ghlacadh i gcomhthéacs a gcreataí beartais náisiúnta athbhreithnithe a chur ar bun chun a áirithiú go soláthraítear an bonneagar iomchuí le haghaidh an luchtaithe thar oíche agus an luchtaithe cinn scríbe i gcás feithiclí leictreacha tromshaothair. Is iomchuí freisin breithniú a dhéanamh, i bhfianaise sriantaí bonneagair a d'fhéadfadh a bheith ann i dtríú tíortha, ar an tionchar atá ag an Rialacháin seo ar an bhféidearthacht atá ann d'fheithiclí nua tromshaothair atá cláraithe i mBallstát oibriú lasmuigh den Aontas.

(14) Rinne an Coimisiún Eorpach an Fóram um Iompar Inbhuanaithe a chur ar bun in 2015, tar éis ghlacadh Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8]. Cabhraíonn an Fóram leis an gCoimisiún gníomhaíochtaí agus cláir an Aontais a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh cothabháil a dhéanamh ar imscaradh an bhonneagair breoslaí malartacha inbhuanaithe. Tar éis an Rialachán seo a ghlacadh, déanfaidh an Choimisiún a áirithiú go dtacóidh an Fóram le feidhmiú céimneach éifeachtach agus costéifeachtúil an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a bhfuil gá leis chun na ceanglais neartaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair a chomhlíonadh, agus go n-imríonn sé tionchar ar an athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2023/1804, ionas go mbeidh na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán sin ailínithe le huaillmhian an Rialacháin seo.

(15) Éilítear leis an aistriú chuig an aeráidneodracht infheistíocht mhór a dhéanamh san eangach leictreachais, lena n-áirítear toilleadh feabhsaithe, athléimneacht fheabhsaithe agus stóráil fheabhsaithe, chomh maith le naisc bhreise. I bhfianaise na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair don bhliain 2030 a bhunaítear faoin Rialachán seo, maidir le sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha i bhflít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair atá ar na bóithre agus le hídiú leictreachais san earnáil beidh siad teoranta go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, beidh an tionchar gaolmhar ar an eangach leictreachais teoranta go ceann i bhfad freisin.

(16) Cé go bhfágfaidh na spriocanna neartaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ go gcuirfear dlús le glacadh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, beidh cuid shuntasach de fhlít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair ar na bóithre ina bhfeithiclí innill dócháin inmheánaigh go ceann i bhfad. Chun go ndéanann an chuid sin den fhlít rannchuidiú le spriocanna aeráide an Aontais a ghnóthú, tá sé bunriachtanach go ndéantar tuilleadh nuálaíochta agus go gcuirtear dlús le glacadh breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe. Déanfaidh beartais agus ionstraimí dlí de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [9] agus

(6) Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1).
(7) Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1).
(8) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).
(9) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

córas trádála astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), dícharbónú breoslaí iompair a chur chun cinn, agus é mar aidhm leo deireadh a chur le breoslaí iontaise de réir a chéile. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chreat comhleanúnach dreasachtaí le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithghás ardfhorbartha agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch. Leis an gcreat sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhacainní atá ar an nglacadh agus ar an soláthar ar bhealach cuimsitheach, agus an t-éileamh ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha á chur i gcuntas, i gcomhthéacs na n-iarrachtaí foriomlána ar spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. Ar bhonn na gcuspóirí maidir le bithmheatán sa phlean REPowerEU, ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt freisin ar conas is féidir, trí tháirgeadh an bhithmheatáin san Aontas a mhéadú, rannchuidiú le dícharbónú an gheilleagair, lena n-áirítear dícharbónú na hearnála iompair.

(17) Tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, déanfaidh an Coimisiún measúnú, laistigh de 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar mhodheolaíocht chun feithiclí tromshaothair a fheidhmíonn go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh $CO_2$ de a chlárú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais.

(18) Ba cheart solúbthacht leordhóthanach a sholáthar do mhonaróirí i gcónaí nuair atá a bhflíteanna feithiclí tromshaothair á gcur in oiriúint acu le himeacht aimsire ar mhaithe leis an aistriú i dtreo feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a bhainistiú ar bhealach costéifeachtúil. Is iomchuí, dá bhrí sin, an cur chuige i dtaobh neartú a dhéanamh ar spriocleibhéil a choinneáil i gcéimeanna dar tréimhse 5 bliana.

(19) Mar gheall ar struchtúr ilchineálach an fhlít feithiclí tromshaothair ina iomláine, ní féidir a thuar go hiomlán an mbeidh forbairtí teicneolaíochtaí tapa go leor chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíocht sceithphíopa astaíochtaí nialasacha ina rogha inmharthana le haghaidh gach úsáide nideoige. D'fhéadfaí a áireamh leis sin feithiclí tromshaothair a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna ríthábhachtacha slándála agus sábháilteachta, ar feidhmeanna iad nach féidir le teicneolaíochtaí sceithphíopa astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh. Ba cheart feithiclí den sórt sin a bheith ina sciar teoranta den fhlít feithiclí tromshaothair ina iomláine. Ina athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann bearta a chur i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ a thagann ó na feithiclí sin.

(20) I gcás a nósanna imeachta soláthair phoiblí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, moltar go láidir d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha úsáid a bhaint as critéar dámhachtana nó sonraíocht theicniúil a bhaineann leis an gcion de tháirgí na dtairiscintí de thionscnamh tíortha nach páirtithe i gComhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le Soláthar Rialtais ('GPA') iad agus nach bhfuil comhaontú saorthrádála ina bhfuil rialacha maidir le soláthar poiblí, tugtha i gcrích acu leis an Aontas. Beidh ról tábhachtach ag na critéir sin i dtaobh cothú a dhéanamh ar sholáthar busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha ag tionscal na hEorpa, slabhraí soláthair inbhuanaithe agus athléimneacha a áirithiú i gcás busanna uirbeacha agus slándáil an tsoláthair laistigh den Aontas a threisiú.

(21) Moltar d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha úsáid a bhaint as critéar inbhuanaitheachta comhshaoil mar chritéar dámhachtana nó mar shonraíocht theicniúil le haghaidh a nósanna imeachta soláthair phoiblí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Gan dochar do ghníomhartha reachtacha de chuid an Aontais is infheidhme i leith teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, agus meastóireacht á déanamh ar inbhuanaitheacht comhshaoil na mbusanna uirbeacha a sholáthraítear ar bhonn an Rialacháin seo, ba cheart é a bheith indéanta d'údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur i gcuntas. Féadfar a áireamh ar na gnéithe sin, mar shampla: marthanacht agus iontaofacht an réitigh, an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil, éascaíocht agus cáilíocht na hathchúrsála, an úsáid a bhaintear as substaintí, ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; ionchorprú comhpháirteanna úsáidte; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; méideanna na dramhaíola a ghintear.

(22) I ngeall ar na spriocanna níos déine maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i bhflít uile an Aontais ó 2030 ar aghaidh, tá monaróirí chun i bhfad níos mó feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid ar mhargadh an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ní bheadh an sásra dreasachta le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle ag fónamh dá chuspóir bunaidh a thuilleadh agus bheadh an riosca ann leis go mbainfí an bonn ó éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/1242. Ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an sásra dreasachta sin ó 2030 ar aghaidh.

([10]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas um lamháltas astaíocht gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([11]) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).

(23) Tá meastóireacht déanta ar an bhféidearthacht atá ann an t-ioncam ó na préimheanna astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ a shannadh do chiste sonrach nó do chlár ábhartha mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1242, leis an gconclúid go ndéanfaí an t-ualach riaracháin a mhéadú go mór leis sin, agus nach dtairbheodh an earnáil mótarfheithiclí go díreach mar thoradh air sin le linn a haistrithe. Ba cheart, dá bhrí sin, go leanfaí den ioncam ó na préimheanna astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ a bhreithniú mar ioncam le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/1242.

(24) Ba cheart ábhar Rialachán (AE) 2019/1242 a leathnú chun go gcumhdófaí leis freisin na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a chomhtháthaítear i Rialachán (AE) 2019/1242 trí bhíthin an Rialacháin seo.

(25) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú chun an raon feidhme céanna a chumhdach agus a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

(26) I gcás feithiclí tromshaothair nach dtagann faoi raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí, amhail tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta, feithiclí a dheartar agus a dhéantar lena n-úsáid ag fórsaí cosanta náisiúnta, lena n-áirítear seirbhísí armtha, agus feithiclí snámhaíola, ní chinntear na hastaíochtaí $CO_2$ sin. Dá bhrí sin, ní chuirtear de cheangal ar na feithiclí sin na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a ghnóthú.

(27) Chun nach ndíspreagfaí cineálcheadú deonach feithiclí tromshaothair atá deartha agus déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun nó seirbhísí cúraim leighis phráinnigh, rud a mbeadh impleachtaí diúltacha sábháilteachta agus comhshaoil aige, ba cheart feithiclí den sórt sin atá cineálcheadaithe dá ndeoin féin a dhíolmhú freisin ón oibleagáid i leith na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar síos leis an Rialachán seo a ghnóthú, mura n-iarrfadh an monaróir a mhalairt. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal feithiclí tromshaothair a dhíolmhú freisin ón oibleagáid atá ann na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$, a leagtar amach sa Rialachán seo a ghnóthú i gcás nach bhfuil na feithiclí tromshaothair sin deartha go sonrach, ach atá cláraithe, lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun nó seirbhísí cúraim leighis phráinnigh, amhail cóistí a úsáidtear chun póilíní nó seirbhísí armtha a iompar, trína dheimhniú gur chun leasa an phobail a bheadh an díolúine sin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal freisin feithiclí atá cláraithe le haghaidh na seirbhísí armtha a dhíolmhú ón Rialachán seo ina iomláine.

(28) Maidir le foghrúpaí feithiclí tromshaothair áirithe atá cineálcheadaithe, ach nach bhfuil laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ cinnte ina leith go fóill ar chúiseanna teicniúla, ní cheanglaítear ar na feithiclí tromshaothair sin na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a ghnóthú. Is samplaí d'fheithiclí den sórt sin feithiclí sainchuspóireacha, amhail craenacha soghluaiste, iompróirí iltrealaimh hiodrálaigh nó feithiclí iompair le haghaidh ualach eisceachtúil, feithiclí easbhóthair, amhail feithiclí tromshaothair áirithe a úsáidtear chun críoch mianadóireachta, foraoiseachta agus talmhaíochta, chomh maith le feithiclí tromshaothair eile ag a bhfuil cumraíochtaí acastóra neamhchaighdeánacha amhail feithiclí tromshaothair ag a bhfuil níos mó ná ceithre acastóir nó níos mó ná dhá acastóir tiomána, agus busanna beaga ag a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil (TPMLM) atá níos lú ná nó cothrom le 7,5 tona, agus leoraithe beaga ag a bhfuil TPMLM atá níos lú ná nó cothrom le 5 thona. Ba cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht chinneadh na n-astaíochtaí $CO_2$ ó leoraithe beaga ag a bhfuil TPMLM atá níos lú ná nó cothrom le 5 thona i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún ([13]) (ionsamhlúcháin ar uirlis ríofa ídithe fuinnimh feithicle nó ionsamhlúcháin VECTO), agus Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([14]) á chur san áireamh.

(29) Ba cheart sainmhínithe áirithe a thabhairt isteach chun an téarmaíocht atá i Rialachán (AE) 2019/1242 a chomhchuibhiú leis an téarmaíocht sin atá i reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí, go háirithe Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) agus Rialachán (AE) 2017/2400.

([12]) Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch. 1).

([13]) Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

([14]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

([15]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(30) Chun críoch aistriú feithiclí tromshaothair idir monaróirí, a tugadh isteach leis an Rialachán seo, agus chun díolúine a bhunú le haghaidh monaróirí nach dtáirgeann ach líon beag feithiclí tromshaothair, ba cheart sainmhíniú ar an téarma 'grúpa monaróirí bainteacha' a chur le Rialachán (AE) 2019/1242, de réir na téarmaíochta a úsáidtear i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) le haghaidh feithiclí saothair éadroim.

(31) A mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí aonair a leagan síos, ba cheart spriocanna an Aontais i leith astaíochtaí $CO_2$ a laghdú i gcás flíteanna feithiclí nua tromshaothair a bheith déanta as spriocanna sonracha maidir le laghdú ar astaíochtaí i gcás foghrúpaí feithiclí, ar foghrúpaí iad ba cheart a chinneadh de réir shaintréithe teicniúla na bhfeithiclí tromshaothair a chuimsítear iontu.

(32) Ós rud é go bhfuil tionchar mór ag na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le leantóirí ar astaíochtaí foriomlána $CO_2$ agus ar ídiú fuinnimh foriomlán mótarfheithiclí tromshaothair, ba cheart spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú le haghaidh leantóirí freisin.

(33) Tá astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí seirbhíse, amhail feithiclí bailithe dramhaíola, feithiclí dumpála nó meascthóirí coincréite, deimhnithe cheana féin faoi VECTO agus a ndéanann monaróirí feithiclí agus na Ballstáit faireachán agus tuairisciú orthu. Is é atá in astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí seirbhíse thart ar 2 % d'astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair agus thart ar 4 % de dhíolacháin. Ós rud é go n-oibríonn siad i gcathracha den chuid is mó, bíonn tionchar ag feithiclí seirbhíse ar cháilíocht an aeir uirbigh freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, feithiclí seirbhíse a dhíolmhú ó ríomh mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na monaróirí go dtí 2029. Don tréimhse 2030 go 2034, níor cheart ach feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha a chur san áireamh sa ríomh sin. Ó 2035, ba cheart na feithiclí seirbhíse uile a áireamh sa ríomh sin.

(34) Chun an fhorbairt ar leantóirí atá feistithe le teicneolaíocht laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a éascú, agus chun úsáid fhorleathan na leantóirí sin a chumasú, is den ríthábhachtach é an creat formheasa le haghaidh teicneolaíocht den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú go mear, go háirithe i gcás leantóirí leictrithe, trí Rialachán (AE) 2018/858 a leasú.

(35) In 2022, busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha a bhí i thart ar an gceathrú cuid de na busanna uirbeacha uile a díoladh san Aontas, agus sciartha i bhfad níos airde ná sin bainte amach ag roinnt Ballstát. Mar gheall ar ullmhacht theicniúil busanna uirbeacha agus mar gheall ar an ngá atá le cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú, ba cheart sciar íosta sainordaitheach de bhusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha nua a shocrú.

(36) Le sciar sainordaitheach de bhusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha, ba cheart go léireofaí an gá atá le hiompar poiblí inacmhainne sa tsochaí, lena n-áirítear i gceantair thuaithe. Ba cheart tionchar dearfach ar chostas ceannaigh a bheith ag an méadú ar sholáthar busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha de thoradh an sciar íosta shainordaithigh sin, ó thaobh praghas ceannaigh tosaigh agus costas iomlán úinéireachta na mbusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha de, lena léirítear coigilteas breosla iontaise de thoradh oibriú na mbusanna uirbeacha sin. Le soláthar comhpháirteach busanna uirbeacha, ag tógáil ar an Ardán um Busanna Glana don Eoraip, is féidir costas ceannaigh na mbusanna sin a laghdú tuilleadh, agus d'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as an gCiste Aeráide Sóisialta chun tacú le saoránaigh leochaileacha le ticéid nó síntiúis iompair phoiblí ar phraghas laghdaithe nó saor in aisce. Ar deireadh, tá busanna agus cóistí réigiúnacha agus cianaistir, lena n-áirítear i gcás iompar i gceantair thuaithe, fós faoi réir na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair. Le tacaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na gceantar tuaithe agus bochtaineacht iompair a chosc, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2023/955, trí rochtain ar iompar poiblí inacmhainne a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta iomchuí breise chun éileamh na n-údarás poiblí ar fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a mhéadú, chun tacú le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a ghnóthú.

(37) Ós rud é gur cheart eintitis tráchtála, seachas eintitis dhlíthiúla, a mheas ó thaobh comhlíonta de, ba cheart cead a bheith ag monaróirí atá nasctha go heacnamaíoch, laistigh de theorainneacha áirithe, feithiclí tromshaothair a aistriú eatarthu chun cuntas a thabhairt ar na feithiclí tromshaothair sin faoi Rialachán (AE) 2019/1242.

(38) Thairis sin, chun forbairt teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha nua a neartú i gcuideachtaí speisialaithe beaga agus meánmhéide, ba cheart é a bheith indéanta freisin feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a aistriú idir eintitis nach bhfuil nasctha.

([16]) Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

(39) Is é atá i gceist le hiarfheistiú feithiclí astaíochtaí nialasacha inneall nó feithicil dócháin inmheánaigh a thiontú ina inneall nó feithicil astaíochtaí nialasacha. Baineann tairbhí comhshaoil leis a eascraíonn as páirteanna nua nach gá a tháirgeadh agus ábhar gaolmhar nach gá a úsáid a sheachaint. Tá tairbhí eacnamaíocha ag baint leis freisin, tairbhí a bhaineann le hinacmhainneacht feithiclí fheabhsaithe agus leis an bhféidearthacht poist a chruthú. Mar sin féin, cuirtear bac ar fheithiclí tromshaothair a iarfheistítear chun bheith ina bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a ghlacadh sa mhargadh mar gheall ar an easpa rialacha teicniúla agus riaracháin comhchuibhithe maidir lena bhformheas. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le tionscnaimh ionchasacha a bheith ann chun an fhorbairt ar na rialacha comhchuibhithe sin a chur chun cinn.

(40) Chabhródh bearta chun sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá faoi úinéireacht nó ar léas ag oibreoirí flíteanna móra a mhéadú le díolacháin feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a mhéadú agus chuirfí dlús leis an aistriú i dtreo iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar an ngá ionchasach atá le tionscnaimh a bheith ann chun méadú a dhéanamh ar sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá faoi úinéireacht nó ar léas ag oibreoirí flíteanna móra agus ar thionchar na dtionscnamh sin.

(41) Chun costais arda chomhlíontachta atá díréireach a sheachaint agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart monaróirí a tháirgeann líon beag feithiclí tromshaothair, faoi réir ceanglais dhlíthiúla áirithe a chomhlíonadh, a dhíolmhú ón oibleagáid i leith spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a chomhlíonadh. Ós rud é go gceanglaítear orthu fós oibleagáidí tuairiscithe Rialachán (AE) 2019/1242 a chomhlíonadh, tá sásra rialaithe iomchuí ann le haghaidh na monaróirí sin.

(42) Ba cheart síneadh a chur le córas reatha na gcreidmheasanna astaíochta ilbhliantúla agus na bhfiacha astaíochta go dtí 2039, ós rud é go leantar de na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a neartú tar éis 2030 go dtí 2040 agus go bhfuil gá le forbairtí teicniúla réamhbhreathnaitheacha ó mhonaróirí le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, ba cheart do mhonaróirí na fiacha astaíochta uile atá fágtha a ghlanadh le linn na mblianta 2029, 2034 agus 2039. Ba cheart go rachadh creidmheasanna astaíochta nach n-úsáidtear laistigh de 7 mbliana tar éis iad a fháil in éag go huathoibríoch.

(43) Ba cheart a leagan síos go soiléir i Rialachán (AE) 2019/1242, i gcás gach catagóire feithicle, céannacht an mhonaróra ar cheart feithicil tromshaothair a shannadh dó, lena gcuirtear i gcuntas go sonrach, dá bhrí sin, na cnuasaigh éagsúla i gcás feithiclí tromshaothair de chatagóir M.

(44) Ba cheart do na rialacha maidir le fíorú na sonraí faireacháin arna dtuairisciú na ceartúcháin *ex post* a d'fhéadfaí a dhéanamh ar earráidí i sonraí den sórt sin agus an chaoi ar cheart don Choimisiún na ceartúcháin sin a láimhseáil a chumhdach freisin chun na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ i bhflít uile an Aontais a chur chun feidhme.

(45) Ba cheart an measúnú ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha a leasú chun na foghrúpaí feithiclí a áiríodh le déanaí i raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 a chumhdach freisin.

(46) Is réamhchoinníoll riachtanach é faireachán agus tuairisciú a dhéanann monaróirí agus na Ballstáit chun Rialachán (AE) 2019/1242 a chur chun feidhme. Trí Rialachán (AE) 2018/956 a ionchorprú i Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart sineirgí a bheith mar thoradh air sin agus a fhágáil go mbeifí in ann léirmhíniú a dhéanamh ar na forálacha agus cuspóirí an dá Rialachán á gcur san áireamh.

(47) Agus forálacha faireacháin agus tuairiscithe Rialachán (AE) 2018/956 á n-ionchorprú i Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart an deis a thapú na forálacha sin a leasú de bheagán i bhfianaise na taithí a fuarthas ón gcéad dá thimthriall tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2018/956.

(48) Agus an fíoras á chur san áireamh nach iad monaróirí amháin a dhéanfaidh astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh as seo amach, ba cheart an oibleagáid i leith tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar shonraí teicniúla eile na bhfeithiclí tromshaothair a leathnú thar mhonaróirí chuig na heintitis sin a dhéanann an cinneadh sin faoi Rialachán (AE) 2017/2400 agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([17]). Ba cheart comhad taifid an mhonaróra a bheith cuimsithe sna sonraí atá le tuairisciú.

(49) Ba cheart a cheadú don Choimisiún an dul chun cinn teicniúil, an éabhlóid ar lóistíocht iompair lastais, amhail cónaisc feithiclí atá thar a bheith trom a úsáidtear i roinnt Ballstát, na coigeartuithe is gá atá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus leasuithe ar na gníomhartha dlí cineálcheadaithe bunúsacha a chur i gcuntas, chun a áirithiú go leanfaidh na ceanglais sonraí agus an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe de bheith ábhartha le himeacht aimsire chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an fhlít feithiclí tromshaothair leis na spriocanna

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO2, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$, chun infhaighteacht na sonraí ar theicneolaíochtaí nua agus ardteicneolaíochtaí lena laghdaítear astaíochtaí $CO_2$ agus ar thorthaí na dtástálacha fíoraithe ar bhóithre a áirithiú, chun a áirithiú go leanfaidh na raonta luacha cúltarraingthe aeir de bheith ábhartha chun críoch faisnéise agus inchomparáideachta, agus chun na forálacha maidir le fíneálacha riaracháin a fhorlíonadh.

(50) Ar na cúiseanna sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar na critéir lena sainítear foghrúpaí feithiclí lena n-áirítear trí fhoghrúpaí a chur leo i gcás leoraithe cónaisc thar a bheith trom (EHC), agus lena sainítear feithiclí seirbhíse, agus na critéir le haghaidh raonta oibríochtúla na dteicneolaíochtaí éagsúla gléasra cumhachta, liosta agus meáchan na bpróifílí misin, na pálastaí, líon na bpaisinéirí, maiseanna na bpaisinéirí, pálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil, uaslíon paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil agus méideanna lasta na bhfoghrúpaí feithiclí agus na luachanna míleáistí bliantúla, lena leasaítear na ceanglais sonraí agus an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, i leith sonrú a dhéanamh ar na sonraí atá le tuairisciú ag na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí na tástálacha fíoraithe ar bhóithre, leasú a dhéanamh ar na raonta luacha cúltarraingthe aeir, agus sainiú a dhéanamh ar na critéir, ar ríomh agus ar mhodh bailithe na bhfíneálacha riaracháin a fhorchuirtear ar mhonaróirí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go dtéann an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéantar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(51) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (AE) 2019/1242 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus i ndáil le sonraíochtaí teicniúla coiteanna, maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil agus oscailte atá idir an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus busanna uirbeacha, ó thaobh naisc fhisiceacha agus malartú cumarsáide de. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]).

(52) Ba cheart Rialachán (AE) 2018/956 a aisghairm le forálacha idirthréimhseacha lena lamháiltear don tréimhse thuairiscithe atá ar siúl tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabhairt i gcrích faoi na rialacha is infheidhme ag tús na tréimhse tuairiscithe sin, lena n-áirítear an phróiseáil uile a dhéanfar ar na sonraí a bhailítear. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó thús na tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin.

(53) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtach agus éifeachtúil go heacnamaíoch agus ar bhealach atá i gcomhréir leis an sprioc maidir le laghdú ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030, trí spriocanna leasaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ ar fud fhlít an Aontais i gcás feithiclí tromshaothair, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a scála agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(54) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2018/858 agus (AE) 2019/1242 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1242**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

([18]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

'*Airteagal 1*

**Ábhar agus cuspóirí**

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair. Leis na caighdeáin sin, rannchuidítear le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais a bhaint amach mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), spriocanna na mBallstát maidir lena n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras, chomh maith le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin, ceanglais maidir le tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair atá cláraithe san Aontas agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin.

---

(*) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1).';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí nua atá cineálcheadaithe nó atá ceadaithe ar bhonn aonair faoi Rialachán (AE) 2018/858 nó a dtagraítear dóibh in Airteagal 2(3) den Rialachán sin, agus ar feithiclí iad atá in aon cheann de na catagóirí feithiclí seo a leanas:

(a) $M_2$ agus $M_3$;

(b) N1, $N_2$ agus N3, ar choinníoll nach dtagann na feithiclí faoi Rialachán (AE) 2019/631;

(c) O3 agus O4

Chun críocha an Rialacháin seo, déanfar tagairt do na feithiclí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír mar fheithiclí tromshaothair. Déanfar tagairt d'fheithiclí a thagann faoi phointe (a) nó (b) den chéad fhomhír mar mhótarfheithiclí tromshaothair.

Tagraíonn na catagóirí feithiclí dá dtagraítear sa Rialachán seo do na catagóirí feithiclí mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur feithiclí nua tromshaothair i dtréimhse thuairiscithe ar leith iad na feithiclí tromshaothair, má chláraítear iad san Aontas den chéad uair le linn na tréimhse tuairiscithe sin agus mura cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Aontas iad.

Ní dhéanfar clárú roimhe sin, arna dhéanamh lasmuigh den Aontas tráth nach faide ná trí mhí roimh chlárú san Aontas, a chur san áireamh.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí tromshaothair a chláraítear den chéad uair ar feadh tréimhse nach faide ná mí amháin agus a chláraítear chun críche aistrithe chuig tír lasmuigh den Aontas, agus chun na críche sin amháin.';

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) ciallaíonn "astaíochtaí tagartha $CO_2$" meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ le linn thréimhse thagartha na bhfeithiclí nua tromshaothair uile i ngach foghrúpa feithiclí, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn I;';

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(3a) ciallaíonn “tréimhse thuairiscithe” an tréimhse ón 1 Iúil de bhliain ar leith go dtí an 30 Meitheamh den bhliain dár gcionn;

(3b) ciallaíonn “tréimhse thagartha” an tréimhse thuairiscithe de bhliain ar leith ina sonraítear faoin Rialachán seo na hoibleagáidí rialála maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ atá ar fhoghrúpa feithicle áirithe;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘(5) ciallaíonn “sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$” sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ monaróra aonair, arna cinneadh go bliantúil don tréimhse thuairiscithe roimhe sin i gcomhréir le pointe 4 d’Iarscríbhinn I;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (9):

‘(9) ciallaíonn “feithicil seirbhíse” feithicil tromshaothair atá beartaithe lena húsáid le haghaidh dualgais shonracha, a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d’Iarscríbhinn I de réir na faisnéise atá ina deimhniú comhréireachta, arna tuairisciú ag na Ballstáit;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (10):

‘(10) ciallaíonn “monaróir” an duine nó an comhlacht dár sannadh na feithiclí atá cláraithe i dtréimhse áirithe i gcomhréir le hAirteagal 7a;’;

(f) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(10a) ciallaíonn “tuairisceoir” eintiteas atá freagrach as sonraí a thuairisciú don Choimisiún;’;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (11):

‘(11) ciallaíonn “feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha” aon cheann de na feithiclí seo a leanas:

(a) mótarfheithicil tromshaothair gan inneall dócháin inmheánaigh, nó ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh nach n-astaíonn níos mó ná 3g$CO_2$/(t.km) nó 1g$CO_2$/(p.km) arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) mótarfheithicil tromshaothair gan inneall dócháin inmheánaigh nó ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh nach n-astaíonn níos mó ná 1 g/kWh de $CO_2$ arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme, nó nach n-astaíonn níos mó ná 1 g/km de $CO_2$ arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus a bhearta cur chun feidhme ar an gcoinníoll nár cinneadh aon astaíochtaí $CO_2$ de bhun Rialachán (AE) 2017/2400;

(c) leantóir atá feistithe le gaireas a thacaíonn go gníomhach lena thiomáint agus nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aige nó ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh a astaíonn níos lú ná 1 g $CO_2$/kWh arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme nó i gcomhréir le Rialachán (CE) UNECE Uimh. 49.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).’;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

‘(12) ciallaíonn “feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle” feithicil tromshaothair, seachas feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha, ar lú na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ atá aici ná leath d’astaíochtaí tagartha $CO_2$ na bhfeithiclí ar fad san fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil tromshaothair, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.3.4 d’Iarscríbhinn I;’;

(i) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(16) ciallaíonn “príomhfheithicil” príomhfheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (22), de Rialachán (AE) 2017/2400;

(17) ciallaíonn “príomhfheithicil feithicle tromshaothair” príomhfheithicil, a leithdháiltear cabhail chineálach i leith a hionsamhlúcháin a chomhfhreagraíonn do chabhail iarbhír na feithicle tromshaothair maidir lena cumraíochtaí urláir (íseal/ard), deice (aonair/dúbailte) agus aon pharaiméadar eile de réir mar is infheidhme;

(18) ciallaíonn “feithicil lánchríochnaithe” feithicil lánchríochnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (26), de Rialachán (AE) 2018/858;

(19) ciallaíonn “feithicil iomlán” feithicil iomlán mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) 2018/858;

(20) ciallaíonn “feithicil easbhóthair” feithicil easbhóthair mar a shainmhínítear i gCuid A, pointe 2.1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(21) ciallaíonn “feithicil shainchuspóireach” feithicil shainchuspóireach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (31), de Rialachán (AE) 2018/858;

(22) ciallaíonn “feithicil shainchuspóireach easbhóthair” feithicil shainchuspóireach easbhóthair mar a shainmhínítear i gCuid A, pointe 2.3.1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(23) ciallaíonn “deimhniú comhréireachta” deimhniú comhréireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (5), de Rialachán (AE) 2018/858;

(24) ciallaíonn “conradh poiblí”, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí agus mura sonraítear a mhalairt, “conradh poiblí” mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5), de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), “conarthaí soláthair, oibreacha agus seirbhíse” mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), agus “lamháltais” mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***);

(25) ciallaíonn “leoraí cónaisc thar a bheith trom” nó “leoraí EHC” feithicil tromshaothair de chatagóir N3 atá oiriúnach lena húsáid i gcónasc feithiclí agus a chomhlíonann na critéir deartha agus déantúis uile seo a leanas:

(a) ag a bhfuil trí acastóir nó níos mó;

(b) ag a bhfuil cumhacht rátaithe innill 400 kW ar a laghad;

(c) atá deartha le huasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil (TPMLM) den chónasc ar mó é ná 60 tona;

(*) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(**) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

(***) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).’

(j) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn “grúpa monaróirí bainteacha” monaróir agus a ghnóthais bhainteacha.

Ciallaíonn “gnóthais bhainteacha” an méid seo a leanas i ndáil le monaróir:

(a) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, go díreach nó go neamhdhíreach:

(i) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de na cearta vótála a fheidhmiú;

(ii) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de chomhaltaí an bhoird maoirseachta, an bhoird bainistíochta nó na gcomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas a cheapadh; nó

(iii) an ceart chun gnóthaí an ghnóthais a bhainistiú;

(b) gnóthais a shealbhaíonn go díreach nó go neamhdhíreach, an ceart nó cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) i leith an mhonaróra;

(c) gnóthais ina sealbhaíonn gnóthas dá dtagraítear i bpointe (b), go díreach nó go neamhdhíreach, an ceart nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, i dteannta ceann amháin nó níos mó de na gnóthais dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c), nó ina sealbhaíonn dhá ghnóthas nó níos mó de na gnóthais sin dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c), go comhpháirteach an ceart nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(e) gnóthais ina bhfuil an ceart nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ar seilbh go comhpháirteach ag an monaróir nó ag ceann amháin nó níos mó dá ghnóthais bhainteacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus ag tríú páirtí amháin nó níos mó ná sin.';

(4) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

*'Airteagal 3a*

**Spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$**

1. Déanfar meánastaíochtaí $CO_2$ fhlít an Aontais de mhótarfheithiclí nua tromshaothair, seachas feithiclí sainchuspóireacha, feithiclí easbhóthair agus feithiclí sainchuspóireacha easbhóthair a laghdú de réir na gcéatadán seo a leanas i gcomparáid le meánastaíochtaí $CO_2$ thréimhse thuairiscithe na bliana 2019:

(a) 15 %, i gcás foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH le haghaidh thréimhse thuairiscithe na mblianta 2025 go 2029,

(b) 45 %, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí uile cé is moite d'fheithiclí seirbhíse le haghaidh thréimhse thuairiscithe na mblianta 2030 go 2034,

(c) 65 %, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí uile le haghaidh thréimhse thuairiscithe na mblianta 2035 go 2039,

(d) 90 %, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí uile le haghaidh thréimhse thuairiscithe na mblianta 2040 agus ina dhiaidh sin.

2. Rannchuideoidh na foghrúpaí feithiclí leis na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le pointe 4.3. d'Iarscríbhinn I.

3. Déanfar na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le flít leantóirí nua an Aontais a laghdú i gcomhréir le pointe 4.3 d'Iarscríbhinn I.

4. D'ainneoin Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2017/2400, ní bheidh feithiclí tromshaothair ceadaithe a thagann faoi Airteagal 2(3), an chéad fhomhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/858 faoi réir na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo, mura roghnaíonn an monaróir na feithiclí tromshaothair sin a áireamh i ríomh a n-astaíochtaí sonracha agus a spriocanna sonracha $CO_2$ agus tuairisciú á dhéanamh ar na feithiclí tromshaothair sin i gcomhréir le Cuid B, d'Iarscríbhinn IV, a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Feithiclí tromshaothair seachas na feithiclí tromshaothair sin dá dtagraítear i mír 4 atá cláraithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil nó ag seirbhísí cúraim leighis phráinnigh, ní bheidh siad faoi réir na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo, ar choinníoll go léiríonn Ballstát amhlaidh sa phróiseas clárúcháin agus tuairiscithe, lena ndearbhaítear, dá bhrí sin, sna sonraí a thuairiscítear i gcomhréir le Cuid A, d'Iarscríbhinn IV nach féidir fónamh do chuspóir na feithicle tromshaothair ar bhealach comhionann, le feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus gur chun leasa an phobail é, dá bhrí sin, feithicil tromshaothair le hinneall dócháin a chlárú chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

Ní bheidh feithiclí tromshaothair a chláraítear lena n-úsáid ag seirbhísí armtha faoi réir cheanglais an Rialacháin seo má chinneann Ballstát gan iad a thuairisciú i gcomhréir le Cuid A, d'Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 3b*

**Bearta breise chun tacú leis an aistriú chuig feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais**

Faoin 30 Meitheamh 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbreithnítear an gá atá le glacadh feithiclí tromshaothair ar mhargadh an Aontais a éascú, ar feithiclí iad a iarfheistítear chun bheith ina bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear trí bhíthin rialacha comhchuibhithe. Áireofar sa tuarascáil sin anailís ar na roghanna atá ann agus ar an tionchar a bhaineann leo. I gcás inarb iomchuí, beidh tionscnamh reachtach nó gníomhaíocht eile ag gabháil leis an anailís.;

*Airteagal 3c*

**Bearta breise chun tacú leis an éileamh ar fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais**

Faoin 30 Meitheamh 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh anailís ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann do thionscnaimh agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu chun méadú a dhéanamh ar an sciar de mhótarfheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá faoi úinéireacht nó ar léas ag oibreoirí flíteanna móra. Sa tuarascáil sin, breithneoidh an Coimisiún na roghanna féideartha chun méadú a dhéanamh ar chur in úsáid feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá faoi úinéireacht nó ar léas ag oibreoirí flíteanna móra.;

*Airteagal 3d*

**Sprioc i leith feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha i gcás busanna uirbeacha**

1. I gcás feithiclí tromshaothair dá dtagraítear sa cheathrú colún den tábla i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn I ("busanna uirbeacha"), comhlíonfaidh monaróirí na sciartha íosta 90 % agus 100 % d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá ina bhflít d'feithiclí nua tromshaothair i gcomhréir le pointe 4.3.2 d'Iarscríbhinn I.

2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla coiteanna, lena n-áirítear caighdeáin, maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil agus oscailte atá idir an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus busanna uirbeacha, ó thaobh naisc fhisiceacha agus malartú cumarsáide de.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla coiteanna, lena n-áirítear caighdeáin, maidir le comhroinnt agus úsáid shábháilte shlán na sonraí a ghintear i ndáil leis an úsáid a bhaintear as busanna uirbeacha.

*Airteagal 3e*

**Slabhraí soláthair inbhuanaithe athléimneacha a áirithiú le haghaidh busanna uirbeacha trí nósanna imeachta soláthair phoiblí**

1. Déanfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha dámhachtain conarthaí soláthair phoiblí i gcás ceannach, léas, tógáil ar cíos nó fruilcheannach busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha nua, chomh maith le dámhachtain conarthaí seirbhísí poiblí arb é is príomhábhar dóibh úsáid busanna uirbeacha den sórt sin, a bhunú ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, lena n-áireofar an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr.

2. Deanfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha úsáid a bhaint as dhá chritéar ar a laghad de na critéir seo a leanas mar shonraíochtaí teicniúla nó mar chritéir dhámhachtana, a mbainfidh ceann amháin ar a laghad díobh le rannchuidiú na tairisceana le slándáil an tsoláthair mar a leagtar amach i bpointí (a) go (d), ag brath ar staid an mhargaidh agus i gcomhréir le Treoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE, agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le Soláthar Rialtais ("GPA") agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas faoina gceangal:

(a) cion de tháirgí na dtairiscintí de thionscnamh tríú tíortha, mar a chinntear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*); ní bheidh feidhm ag an gcritéar sin ach amháin i leith táirgí tairiscintí de thionscnamh tíortha nach tíortha páirtithe in GPA iad agus nach bhfuil comhaontú saorthrádála, lena n-áirítear rialacha maidir le soláthar poiblí, tugtha i gcrích acu leis an Aontas;

(b) an infhaighteacht ar pháirteanna spártha bunriachtanacha mar atá faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann le haghaidh fheidhmiú an trealaimh atá faoi réir na tairisceana;

(c) gealltanas ón tairgeoir nach ndéanfaidh athruithe ionchasacha ina shlabhra soláthair le linn fhorghníomhú an chonartha dochar d'fhorghníomhú an chonartha;

(d) deimhniú nó doiciméadacht lena léirítear go gcuireann eagrú shlabhra soláthair an tairgeora ar a chumas dó an ceanglas maidir le slándáil an tsoláthair a chomhlíonadh.

(e) inbhuanaitheacht comhshaoil a théann thar na híoscheanglais dá bhforáiltear i ngníomhartha reachtacha is infheidhme de chuid an Aontais.

Ní chuirfear bac leis an gcéad fhomhír ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha ó chritéir bhreise a úsáid.

3. Má úsáidtear rannchuidiú na tairisceana le slándáil an tsoláthair mar chritéar dámhachtana, tabharfar ualú atá idir 15 % agus 40 % de na critéir dhámhachtana don tairiscint sin.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custam an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).';

(5) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Cinnfidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2020 den chéad uair, agus gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach monaróra in g/tkm don tréimhse tuairiscithe roimhe sin, trí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(a) na sonraí a thuairiscítear i gcás fheithiclí nua tromshaothair an mhonaróra a chláraítear sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin;

(b) an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5; agus

(c) i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2030 go 2034 feithicil seirbhíse astaíochtaí nialasacha nua a thagann faoi raon feidhme phointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn I.';

(6) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2020 den chéad uair agus gach tréimhse thuairiscithe ina dhiaidh sin go dtí tréimhse thuairiscithe na bliana 2029, maidir le gach monaróir, an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle don tréimhse thuairiscithe roimhe sin a chinneadh.

Leis an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus leis an bhfachtóir astaíochtaí ísle, cuirfear san áireamh líon agus astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí uile tromshaothair astaíochtaí nialasacha ísle de chatagóir N atá i bhflít an mhonaróra.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás na dtréimhsí tuairiscithe ón mbliain 2025 go dtí 2029, is ar bhonn thagarmharc 2 % a chinnfear an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle, i gcomhréir le pointe 2.3.2 d'Iarscríbhinn I.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I ngeall ar an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus ar an bhfachtóir astaíochtaí ísle, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 3 % ar a mhéad. Maidir leis an rannchuidiú leis an bhfachtóir sin i leith feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha de chatagóir N, seachas iad siúd i bhfoghrúpaí feithicle 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD nó 10-LH, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 1,5 % ar a mhéad.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘*Airteagal 6*

**Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra**

Maidir le tréimhse thuairiscithe na bliana 2025 agus do gach tréimhse thuairiscithe ina dhiaidh sin, cinnfidh an Coimisiún sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ do gach monaróir don tréimhse thuairiscithe roimhe sin. Déanfar an sprioc sin a chinneadh i gcomhréir le pointe 4.1 d'Iarscríbhinn I.’;

(8) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 6a*

**Feithiclí tromshaothair a aistriú idir monaróirí**

1. Chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na monaróirí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus pointe 2.2 d'Iarscríbhinn I, féadfar feithiclí tromshaothair aonair a aistriú idir monaróirí, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás gach aistrithe, cuireann an monaróir aistritheach agus an monaróir is faighteoir an iarraidh isteach go comhpháirteach;

(b) chun feithiclí tromshaothair nach feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha iad a aistriú: tá an monaróir aistritheach agus an monaróir is faighteoir ina gcuid de ghrúpa monaróirí bainteacha;

(c) i gcás aistriú feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha idir monaróirí nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha iad, ní théann líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasachaa a aistreofar chuig monaróir thar 5 % dá fheithiclí nua tromshaothair uile arna gclárú i dtréimhse thuairiscithe ar leith.

Cuirfidh na monaróirí na hiarrataí ar aistriú faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as na huirlisí leictreonacha arna soláthar ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar coinníollacha aistrithe, ní chuirfidh sé an fheithicil tromshaothair aistrithe san áireamh chun luachanna ábhartha an mhonaróra aistrithe a ríomh, ach cuirfidh sé san áireamh é chun luachanna ábhartha an mhonaróra is faighteoir a ríomh.

*Airteagal 6b*

**Díolúine do mhonaróirí nach dtáirgeann ach líon beag feithiclí tromshaothair**

1. I gcás ina gcláraíonn monaróir níos lú ná 100 feithicil nua tromshaothair i dtréimhse thuairiscithe ar leith, socrófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ dá bhforáiltear in Airteagal 6 agus i bpointe 4.1 d'Iarscríbhinn I mar “0” le haghaidh na tréimhse thuairiscithe sin.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 1 den Airteagal seo, ní dhéanfar luachanna na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ ná na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a áireamh i bhfoilsiú na sonraí faoi Airteagal 11 i gcás na monaróirí agus na dtréimhsí tuairiscithe lena mbaineann.

3. Ní chuirfear an díolúine a leagtar síos i mír 1 i bhfeidhm i dtréimhse tuairiscithe ar leith in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) má iarrann an monaróir amhlaidh;

(b) má dhéanann an monaróir iarraidh ar fheithiclí tromshaothair a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 6a;

(c) más cuid é an monaróir de ghrúpa monaróirí bainteacha a chláraigh, i dteannta a chéile, níos mó ná 100 feithicil tromshaothair sa tréimhse thuairiscithe sin, nó más cuid é de ghrúpa monaróirí bainteacha ina bhfuil monaróir a bhfuil feidhm ag pointe (a) nó (b) ina leith.

4. Monaróirí nach cuid de ghrúpa de réir bhrí mhír 3, pointe (c) iad, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún má chláraigh siad níos lú ná 100 feithicil tromshaothair i dtréimhse thuairiscithe ar leith.

5. Monaróirí nach bhfuil feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 1 ina leith, déanfaidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas, i ngach tréimhse thuairiscithe, faoina ngnóthais bhainteacha a bhfuil feidhm ag an díolúine ina leith.

6. Cuirfidh monaróirí an Coimisiún ar an eolas chun críocha mhíreanna 4 agus 5 trí úsáid a bhaint as na huirlisí leictreonacha arna soláthar ag an gCoimisiún.';

(9) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Chun a chinneadh an bhfuil a spriocanna sonracha i leith astaíochtaí $CO_2$ á gcomhlíonadh ag monaróir le linn thréimhsí thuairiscithe na mblianta 2025 go 2039, cuirfear i gcuntas na creidmheasanna astaíochta agus na fiacha astaíochta atá aige arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5 d'Iarscríbhinn I, a chomhfhreagraíonn do líon na bhfeithiclí nua tromshaothair de chuid an mhonaróra, i dtréimhse thuairiscithe, arna iolrú faoi na nithe seo a leanas:';

(b) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear '2039' in ionad '2029';

(c) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an tríú fomhír:

'Gheofar fiacha astaíochta i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2039. Mar sin féin, ní rachaidh an fiach astaíochta iomlán monaróra thar 5 % de sprioc an mhonaróra i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ arna iolrú faoi líon na bhfeithiclí tromshaothair de chuid an mhonaróra sa tréimhse sin ("an teorainn maidir le fiach astaíochta").';

(d) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Déanfar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2039, a thabhairt anonn ó thréimhse thuairiscithe féilire amháin go dtí an chéad tréimhse thuairiscithe eile. Mar sin féin, glanfar aon fhiacha astaíochta a bheidh fágtha i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2029, 2034 agus 2039. Ní chuirfear creidmheasanna astaíochta i gcuntas chun a chinneadh an bhfuil a sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ á comhlíonadh ag an monaróir ach amháin in aon cheann de thréimhsí tuairiscithe na 7 mbliana tar éis na tréimhse tuairiscithe ina bhfuarthas iad.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Socrófar conairí laghdaithe i leith astaíochtaí $CO_2$ do gach monaróir i gcomhréir le pointe 5.1.2 d'Iarscríbhinn I, bunaithe ar na conairí líneacha seo a leanas:

(a) idir an sprioc thagartha i leith astaíochtaí $CO_2$ agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhsí tuairiscithe na bliana 2025 nó 2030 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointí (a) agus (b);

(b) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2025 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2030 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (b);

(c) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2030 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2035 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (c); agus

(d) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2035 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse thuairiscithe na bliana 2040 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (d).';

(10) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 7a*

**Feithiclí tromshaothair a shannadh do mhonaróir**

Agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 4 agus na spriocanna sonracha i leith astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 6 á ríomh, déanfar na feithiclí tromshaothair a chláraítear i dtréimhse thuairiscithe ar leith a shannadh do na monaróirí seo a leanas:

(a) i gcás feithiclí tromshaothair de chatagóir N, don mhonaróir feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4a), de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) i gcás feithiclí tromshaothair de chatagóir M, don mhonaróir príomhfheithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (29), de Rialachán (AE) 2017/2400;

(c) i gcás feithiclí tromshaothair de chatagóir O, don mhonaróir feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (*).

*Airteagal 7b*

**Na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair de chatagóir M a ríomh**

Maidir le feithiclí tromshaothair de chatagóir M, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i bhfoghrúpa feithicle monaróra a ríomh, measfar feithicil nua tromshaothair de chatagóir M lena hastaíochtaí sonracha $CO_2$ mar fheithicil iomlán nó lánchriochnaithe faoi phointe 2.2.2 d'Iarscríbhinn I agus ní mheasfar iad i bpointe 2.2.3 den Iarscríbhinn sin;

(b) de mhaolú ar phointe (a) den Airteagal seo, arna iarraidh sin ag an monaróir príomhfheithicle dá dtagraítear in Airteagal 7a, pointe (b), ar an gCoimisiún agus faoi réir an choinníll a leagtar amach i bpointe (c) den Airteagal seo, measfar feithicil nua tromshaothair de chatagóir M le hastaíochtaí sonracha $CO_2$ a príomhfheithicle i bpointe 2.2.3 d'Iarscríbhinn I agus ní mheasfar í i bpointe 2.2.2. den Iarscríbhinn sin;

(c) ní bheidh iarraidh faoi phointe (b) den Airteagal seo ar fheithicil nua tromshaothair de chatagóir M inghlactha más gnóthais bhainteacha nó codanna den eintiteas dlíthiúil céanna an monaróir príomhfheithicle agus an monaróir feithiclí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4a), de Rialachán (AE) 2017/2400 den fheithicil iomlán nó lánchríochnaithe; trí iarraidh den sórt sin a chur isteach, dearbhaíonn an monaróir príomhfheithicle nach gnóthais bhainteacha nó codanna den eintiteas dlíthiúil céanna iad; cuirfidh sé faisnéis tacaíochta ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

(d) déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, na huirlisí agus an treoir nós imeachta is gá a chur ar fáil gan mhoill i bhformáid leictreonach do mhonaróirí chun iarrataí den sórt sin dá dtagraítear i bpointe (b) a chur faoi bhráid an Choimisiúin.';

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

(11) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina bhfaightear go bhfuil astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ ag monaróir de bhun mhír 2 i dtréimhse tuairiscithe ar leith ó 2025 ar aghaidh, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas: (Préimh astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha) = (Astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha x EUR 4 250/g$CO_2$/tkm).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Measfar astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ a bheith ag monaróir in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás, le linn aon cheann de thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2028, 2030 go 2033 nó 2035 go 2038, ina sáróidh suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta an teorainn maidir le fiach astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1), an tríú fomhír;

(b) i gcás, le linn thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2029, 2034, 2039 agus 2040, inar dearfach suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta;

(c) i gcás, ó thréimhse thuairiscithe na bliana 2041 ar aghaidh, ina sáróidh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$.

Déanfar na hastaíochtaí iomarcacha $CO_2$ i dtréimhse thuairiscithe ar leith a ríomh i gcomhréir le pointe 6 d'Iarscríbhinn I.';

(12) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tabharfaidh údaráis chineálcheadaithe agus na monaróirí tuairisc don Choimisiún gan mhoill maidir le haon cheann de na neamhréireachtaí seo a leanas ó na sonraí a thuairiscítear:

(a) i gcás ina bhfuil luachanna astaíochta $CO_2$ feithiclí tromshaothair atá i seirbhís mar thoradh ar fhíoruithe arna ndéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo ar neamhréir leis na luachanna a léirítear i ndeimhnithe comhréireachta nó sa chomhad faisnéise custaiméara dá dtagraítear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) i gcás inar sainaithníodh earráidí de dheasca sonraí ionchuir míchearta nó cúiseanna eile le linn chur i gcrích an chinnidh maidir le hastaíochtaí $CO_2$;

(c) i gcás inar sainaithníodh earráidí i gcur i gcrích an fhaireacháin agus an tuairiscithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$;

(d) aon neamhréireachtaí eile seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c).';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfidh an Coimisiún na neamhréireachtaí dá dtagraítear i mír 1 san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra agus na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a ríomh. Leasóidh an Coimisiún an liosta dá dtagraítear in Airteagal 11(1) i gcás inarb iomchuí. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún neamhréireachtaí a chur san áireamh má bhíonn neamhréireacht níos lú ná 0,1 % mar thoradh ar athríomh ar mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra nó ar astaíochtaí tagartha $CO_2$.';

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

**Measúnú ar astaíochtaí tagartha $CO_2$**

1. Chun stóinseacht agus ionadaíochas astaíochtaí tagartha $CO_2$ na bhfoghrúpaí feithiclí a áirithiú, a mbeidh feidhm ag tréimhse thuairiscithe don bhliain 2024 nó bliain níos déanaí ina leith mar thréimhse thagartha i gcomhréir le pointe 3.2 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha faoinar cinneadh astaíochtaí tagartha $CO_2$ agus cinnfidh sé ar méadaíodh na hastaíochtaí sin go míchuí agus, más amhlaidh gur méadaíodh, cén chaoi a bhfuil siad le ceartú.

2. Má thagann an Coimisiún ar an tátal go bhfuil na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ go léir nó cuid díobh le ceartú, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun na ceartúcháin sin a thabhairt i gcrích, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).';

(14) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2041, i gcás gach monaróra, a chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$, a chreidmheasanna astaíochta agus, ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2041, a fhiacha astaíochta sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 7;';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (e):

'(e) ón 1 Iúil 2026, i gcás gach monaróra, a astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 8(2);';

(c) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Maidir leis an liosta atá le foilsiú faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis bliana inar tháinig deireadh le tréimhse thagartha, áireofar ann na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ arna gcinneadh i leith na tréimhse tagartha sin.';

(d) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an liosta a leagtar amach i mír 1 a leasú sna cásanna seo a leanas:

(a) leasaítear na nósanna imeachta cineálcheadaithe dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, seachas leasuithe a bhaineann leis na luachanna pálasta agus líon paisinéirí arna n-úsáid chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh, sa chaoi go dtiocfaidh méadú nó laghdú níos mó ná 5 g $CO_2$/km ar leibhéal astaíochtaí $CO_2$ ó na feithiclí tromshaothair ionadaíocha arna sonrú de bhun mhír 3; i gcásanna den sórt sin: déanfar astaíochtaí tagartha coigeartaithe a ríomh i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn II agus foilseofar luachanna nua mar chomhlánú ar luachanna roimhe sin, agus léireofar an tréimhse thuairiscithe nuair a chuireann siad i bhfeidhm den chéad uair iad;

(b) leasaíodh na hIarscríbhinní i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointí (a) go (f); i gcásanna den sórt sin déanfar astaíochtaí tagartha $CO_2$ a foilsíodh roimhe seo a athríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, agus na paraiméadair arna leasú i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointí (a) go (f) á gcur i gcuntas agus foilseofar an tacar astaíochtaí tagartha athríofa agus cuirfear é in ionad na n-astaíochtaí tagartha a bhí ann roimhe sin amhail ón tréimhse thuairiscithe ina mbeidh feidhm den chéad uair ag na paraiméadair arna leasú i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointí (a) go (f), den chéad uair.';

(e) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3. I gcás ina ndéantar leasú ar na nósanna imeachta cineálcheadaithe dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 faoi mar a thagraítear i mír 2, pointe (a), den Airteagal seo modheolaíocht a shonrú nó a bhunú chun feithicil ionadaíoch amháin nó níos mó d'fhoghrúpa feithiclí a shainiú, lena n-áirítear a n-ualuithe staidrimh agus luachanna an phálasta agus an lín paisinéirí a úsáidfear chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh. Beidh an mhodheolaíocht sin mar bhonn leis an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 2, pointe (a)(i), den Airteagal seo, agus na sonraí faireacháin arna dtuairisciú de bhun an Rialacháin seo agus na saintréithe teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2017/2400 á gcur i gcuntas. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) den Rialachán seo.';

(15) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina n-aimsítear easpa comhréireachta maidir le luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe breosla nach féidir a shannadh ar mhífheidhmiú na huirlise ionsamhlúcháin, nó aon straitéisí atá ann lena bhfeabhsaítear feidhmíocht feithicle ar bhonn saorga mar thoradh ar na fíoruithe a dhéantar de bhun mhír 2, áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe atá freagrach, sa bhreis ar na bearta riachtanacha a leagtar amach i gCaibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858 a dhéanamh, go gceartófar na comhaid faisnéise custaiméara, na deimhnithe comhréireachta agus na deimhnithe um cheadú aonair, de réir mar a bheidh. I gcás nach féidir na sonraí sna comhaid faisnéise custaiméara, sna deimhnithe comhréireachta ná sna deimhnithe um fhormheas aonair a cheartú faoi Rialachán (AE) 2018/858, eiseoidh an t-údarás cineálcheadaithe atá freagrach ráiteas ceartúcháin ina mbeidh na sonraí ceartaithe. Tarchuirfidh sé an ráiteas sin chuig an gCoimisiún agus chuig na páirtithe lena mbaineann.';

(16) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 13a*

**Faireachán agus tuairisciú arna dhéanamh ag na Ballstáit**

1. Amhail ó thréimhse thuairiscithe na bliana 2023, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar na sonraí a shonraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV a bhaineann le feithiclí nua tromshaothair a chláraítear san Aontas den chéad uair.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, ó 2020 ar aghaidh, tuairisceoidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí na tréimhse tuairiscithe roimhe sin, an 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh, don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Is iad na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo na húdaráis inniúla sin arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2019/631.

3. Feithiclí tromshaothair atá deartha agus déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun, beidh siad faoi réir an Airteagail seo.

4. Feithiclí tromshaothair atá cláraithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí nó seirbhísí cúraim leighis phráinnigh a choinneáil ar bun, beidh siad faoi réir an Airteagail seo, gan beann ar iad a bheith díolmhaithe nó gan iad a bheith díolmhaithe ó Airteagal 3a.

*Airteagal 13b*

**Tuairisciú ó mhonaróirí nó ó eintitis eile atá freagrach as na hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithicil tromshaothair a chinneadh**

1. Monaróirí nó eintitis eile atá freagrach as astaíochtaí $CO_2$ ó fheithicil tromshaothair a chinneadh agus atá faoi réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400 nó Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362, tuairisceoidh siad sonraí na feithicle nuaí tromshaothair i gcomhréir le cuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, tuairisceoidh siad na sonraí sin don Choimisiún le haghaidh gach feithicle nuaí tromshaothair le dáta cinnidh nó measúnaithe a thagann laistigh den tréimhse thuairiscithe dar críoch an 30 Meitheamh i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le feithiclí tromshaothair a dhíolmhaítear de bhun hAirteagal 6b.

2. Ceapfaidh gach monaróir nó gach eintiteas eile de réir bhrí mhír 1 pointe teagmhála chun críche sonraí a thuairisciú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 13a(3) agus (4) maidir le monaróirí agus eintitis eile de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 13c*

**Clár lárnach do shonraí maidir le feithiclí tromshaothair**

1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár lárnach do shonraí maidir le feithiclí tromshaothair ("an clár lárnach") arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b.

Beidh an clár lárnach ar fáil go poiblí seachas na hiontrálacha sonraí a liostaítear i bpointe 3.2. d'Iarscríbhinn V.

Cuirfear an luach cúltarraingthe aeir ar fáil go poiblí i bhformáid raoin mar a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn IV.

2. An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a dhéanfaidh an clár lárnach a bhainistiú thar ceann an Choimisiúin.

*Airteagal 13d*

**Faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar bhóthar**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar bhóthar, i gcás ina mbeidh fáil ar na torthaí sin, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 chun fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na sonraí a shonrú a bheidh le tuairisciú ag údaráis inniúla na mBallstát chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 13e*

**Cáilíocht sonraí**

1. Is iad na húdaráis inniúla agus na monaróirí a bheidh freagrach as cruinneas agus cáilíocht na sonraí a thuairiscíonn siad de bhun Airteagail 13a agus 13b. Cuirfidh siad in iúl don Choimisiún, gan mhoill, aon earráid a bhraitear sna sonraí arna dtuairisciú.

2. Déanfaidh an Coimisiún a fhíorú féin ar cháilíocht na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b.

3. I gcás ina gcuirtear earráidí sna sonraí arna dtuairisciú de bhun mhír 1 in iúl don Choimisiún, nó i gcás ina bhfionnann sé, tar éis a fhíoraithe féin de bhun mhír 2, go bhfuil neamhréireachtaí sa tacar sonraí, déanfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, na bearta is gá chun na sonraí a fhoilsítear sa chlár lárnach a cheartú.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta fíoraithe agus ceartaithe dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16.

*Airteagal 13f*

**Fíneálacha riaracháin**

1. Féadfaidh an Coimisiún fíneáil riaracháin a fhorchur i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfionnann sé go bhfuil na sonraí arna dtuairisciú ag an monaróir de bhun Airteagal 13b den Rialachán seo ar neamhréir le sonraí a eascraíonn ó chomhad taifead an mhonaróra nó ó dheimhniú cineálcheadaithe an innill arna eisiúint faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, agus gur d'aon ghnó a rinneadh an neamhréireacht nó mar gheall ar mhórfhaillí é an neamhréireacht;

(b) i gcás nach ndéantar na sonraí a tharchur faoin spriocdháta dá dtagraítear in Airteagal 13b(1), an dara fomhír, agus nach bhfuil bonn cirt cuí leis an moill.

Chun críocha na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) a fhíorú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na húdaráis chineálcheadaithe ábhartha.

Beidh na fíneálacha riaracháin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ní bheidh siad níos mó ná EUR 30 000 in aghaidh na feithicle tromshaothair ar a bhfuil tionchar ag sonraí neamhréireacha nó moillithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b).

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an nós imeachta, agus modhanna ríofa agus bailithe na bhfíneálacha riaracháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan síos.

Leis na gníomhartha tarmligthe sin, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) leis an nós imeachta urramófar an ceart chun dea-riaracháin, agus go háirithe an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus leasanna dlisteanacha na rúndachta agus rún tráchtála á n-urramú ag an am céanna;

(b) agus na fíneálacha riaracháin iomchuí á ríomh aige, beidh prionsabail na héifeachtachta, na comhréireachta agus na hathchomhairleachta mar threoir ag an gCoimisiún, agus aird á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar thromchúis agus ar éifeachtaí na neamhréireachta nó na moille, líon na bhfeithiclí tromshaothair lena mbaineann na sonraí neamhréireacha nó moillithe, meon macánta an mhonaróra, méid díchill agus comhoibrithe an mhonaróra, athdhéanamh, minicíocht agus ré na neamhréireachta nó na moille, chomh maith le haon fhíneálacha a forchuireadh roimhe sin ar an oibreoir eacnamaíoch céanna;

(c) baileofar fíneálacha riaracháin gan moill mhíchuí trí spriocdhátaí a shocrú le haghaidh íocaíochta agus tríd an deis híocaíocht na bhfíneálacha sin a roinnt ina dtráthchodanna agus ina gcéimeanna éagsúla a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

3. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ó na fíneálacha riaracháin, gur ioncam iad le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.';

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

**Leasuithe ar Iarscríbhinní I, IV agus V**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo d'fhonn na gnéithe seo a leanas in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun an dul chun cinn teicniúil, éabhlóid lóistíochta iompair lastais, na coigeartuithe is gá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus leasuithe ar na gníomhartha dlí cineálcheadaithe bunúsacha a chur san áireamh, go háirithe Rialacháin (AE) 2018/858 agus (CE) Uimh. 595/2009:

(a) na critéir lena sainítear na foghrúpaí feithicle a leagtar amach i bpointe 1.1, lena n-áirítear trí fhoghrúpaí feithiclí ar leithligh a chur isteach i gcás leoraithe EHC;

(b) na critéir lena sainítear feithiclí oibre a leagtar amach i bpointe 1.2;

(c) na critéir maidir le raonta oibríochtúla teicneolaíochtaí gléasraí cumhachta éagsúla a leagtar amach i bpointe 1.3;

(d) liosta na bpróifílí misin a leagtar amach i bpointe 1.4;

(e) meáchan na bpróifílí misin a leagtar amach i bpointí 2.1.1, 2.1.2 agus 2.1.3;

(f) na pálastaí, líon paisinéirí, maiseanna paisinéirí, na pálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil, an t-uaslíon paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil agus toirt lastais na bhfoghrúpaí feithiclí a leagtar amach i bpointe 2.5;

(g) luachanna an mhíleáiste bhliantúil a leagtar amach i bpointí 2.6.1, 2.6.2 agus 2.6.3.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn na gnéithe seo a leanas in Iarscríbhinn IV a leasú:

(a) na ceanglais sonraí a shonraítear i gCodanna A agus B, chun dul chun cinn teicniúil, na coigeartuithe is gá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus leasuithe ar na gníomhartha dlí cineálcheadaithe bunúsacha a chur san áireamh, go háirithe Rialacháin (AE) 2018/858 agus (CE) Uimh. 595/2009;

(b) na raonta luacha cúltarraingthe aeir a leagtar amach i gCuid C a nuashonrú nó a choigeartú chun athruithe i ndearadh feithiclí tromshaothair a chur san áireamh agus chun a áirithiú go leanfaidh na raonta sin de bheith ábhartha fós chun críoch faisnéise agus inchomparáideachta.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn na gnéithe seo a leanas in Iarscríbhinní V a leasú:

(a) an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach inti, chun taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh agus chun an nós imeachta tuairiscithe a oiriúnú don chur chun cinn teicniúil;

(b) pointe 3.2 trí aon iontrálacha sonraí a cuireadh leis an gclár lárnach as an nua a chur leis.'

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

'*Airteagal 15*

**Athbhreithniú**

1. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo, go háirithe i ndáil leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh torthaí an athbhreithnithe sin.

Sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) líon chlárúcháin na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá sna Ballstáit;

(b) an dul chun cinn maidir le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha poiblí agus príobháideacha a imscaradh le haghaidh feithiclí tromshaothair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith le srianta bonneagair a bheith ann i dtríú tíortha ar oibriú feithiclí tromshaothair nuachláraithe san Aontas lasmuigh den Aontas;

(c) an tionchar ar fhostaíocht, go háirithe ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), éifeachtacht na mbeart chun tacú le hathoiliúint agus uas-sciliú an lucht saothair, agus an tábhacht a bhaineann le haistriú i dtreo soghluaisteacht de bhóthar atá nialasach ó thaobh astaíochtaí de agus atá inmharthana go heacnamaíoch agus cothrom ó thaobh na sochaí de; leagfar béim ar leith ar an tionchar ar Bhallstáit fhorimeallacha agus ar an tionchar ar iompar earraí meatacha;

(d) i dtaobh an bhfuil bonn cirt fós le leanúint den díolúine a leagtar amach in Airteagal 6b do mhonaróirí a tháirgeann líon beag feithiclí a leagtar amach in Airteagal 6b den Rialachán seo;

(e) an tionchar a bhaineann le híostairseacha éifeachtúlachta fuinnimh a leagan síos le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais;

(f) leibhéal na préimhe astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ chun a áirithiú go sáraíonn sí meánchostais imeallacha na dteicneolaíochtaí is gá chun na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach.

(g) na feithiclí tromshaothair seo a leanas, nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400 faoi láthair, a áireamh sna spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$:

(i) leoraithe beaga ag a bhfuil TPMLM atá cothrom le nó níos lú ná 5 thona, tar éis imscrúdú ar oiriúnacht chinneadh na n-astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair den sórt sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 (ionsamhlúcháin VECTO), agus Rialachán (AE) 2017/1151 á chur san áireamh; agus

(ii) feithiclí sainchuspóireacha, feithiclí easbhóthair agus feithiclí easbhóthair sainchuspóireacha;

(h) aon srianta sonracha maidir le hAirteagal 3d, mír 1 a chomhlíonadh, i ngeall ar shochair agus costais shocheacnamaíocha i bhfianaise moirfeolaíocht chríochach shonrach nó imthosca meitéareolaíocha sonracha, chomh maith le hinfheistíochtaí a rinne údaráis phoiblí cheana féin i mbithmheatán.

(i) an ról atá ag fachtóra ceartaithe carbóin san aistriú i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair.

(j) an ról atá ag modheolaíocht chun feithiclí tromshaothair a chlárú a fheidhmíonn go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh $CO_2$ de, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais;

(k) cibé an bhfuil méadú míchuí tagtha ar chumhacht rátaithe innill mar thoradh ar fhoghrúpaí nua feithiclí a chruthú i gcás leoraithe EHC.

(l) an fhéidearthacht modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré iomlán na bhfeithiclí nua tromshaothair a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú comhsheasmhach a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin;

(m) roghanna chun breithniú a dhéanamh ar fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, a rinneadh a iarfheistiú ó ghnáthfheithiclí tromshaothair a cláraíodh roimhe sin, chun críoch measúnaithe comhlíontachta faoin Rialachán seo.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin chun an Rialachán seo a leasú.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar ról na mbreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe san aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, lena n-áirítear in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair. Ar leithligh ón athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1, agus mar chuid de straitéis chuimsitheach le haghaidh feidhm a bhaint as breoslaí den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2025 ina mbeidh anailís chuimsitheach ar an ngá atá le glacadh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis ardfhorbartha agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in earnáil na bhfeithiclí tromshaothair a dhreasú tuilleadh chomh maith leis an gcreat iomchuí beart, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, chun é sin a bhaint amach. Bunaithe ar an anailís sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha breise nó cuirfidh sé moltaí faoi bhráid na mBallstát.';

(19) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3d(3), Airteagal 13(4) an dara fomhír, Airteagal 13d(2), Airteagal 13f(2) agus Airteagal 14(1), (2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 26 Meitheamh 2024.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3d(3), Airteagal 13(4) an dara fomhír, Airteagal 13d(2), Airteagal 13f(2) agus Airteagal 14(1), (2) agus (3) a chúlghairm aon tráth.';

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3d(3), Airteagal 13(4), an dara fomhír, Airteagal 13d (2), Airteagal 13f(2) agus Airteagal 14(1), (2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid.';

(20) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinní I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242;

(21) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le Rialachán (AE) 2019/1242 mar Iarscríbhinní III, IV, V agus VI a ghabhann leis an Rialachán sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/858**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (33):

'(33) ciallaíonn "leathleantóir" leantóir a bhfuil a acastóir nó a acastóirí suite taobh thiar de mheáchanlár na feithicle (má tá ualach cothrom inti), agus a bhfuil feiste ceangailte ina threalamh aige lenar féidir fórsaí cothrománacha agus ingearacha a thraschur chuig an bhfeithicil atá á tharraingt;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(59) "ciallaíonn 'r-leantóir" aon chineál leantóra lenar féidir cur le tiomáint an chónaisc feithicle trína ghléasra cumhachta leictreach féin a úsáid agus nach féidir a úsáid ar bhóithre poiblí ach amháin má bhíonn sé á tharraingt go gníomhach ag mótarfheithicil.';

(2) in Iarscríbhinn I, Cuid B, pointe 6.1.1(d), cuirtear an fophointe seo a leanas leis:

'(iii) dearadh agus tógáil na gcomhpháirteanna riachtanacha lena bhfoirmítear an córas tiomána agus stórála fuinnimh i gcás r-leantóirí;'.

*Airteagal 3*

**Aisghairm Rialachán (AE) 2018/956**

Aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 le héifeacht ón 1 Iúil 2024.

Déanfar tagairtí do Rialachán (AE) 2018/956 a fhorléiriú mar thagairtí do Rialachán (AE) 2019/1242 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242, mar a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

**Forálacha idirthréimhseacha**

D'ainneoin Airteagal 3, i ndáil le tréimhsí tuairiscithe roimh an 1 Iúil 2024, leanfaidh Rialachán (AE) 2019/1242 de réir mar is infheidhme an 30 Meitheamh 2024 agus Rialachán (AE) 2018/956 de réir mar is infheidhme an 30 Meitheamh 2024 d'fheidhm a bheith acu.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2024.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa agus*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

*'IARSCRÍBHINN I*

*Meánastaíochtaí $CO_2$ sonracha, spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ agus astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha*

1. Foghrúpaí feithiclí

1.1. Chun críocha an Rialacháin seo, sainmhínítear foghrúpa feithiclí *sg* do gach feithicil nua tromshaothair.

1.1.1. Maidir le feithiclí tromshaothair de chatagóir N, sainmhínítear an foghrúpa feithiclí *sg* mar a leanas:

| Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Cineál cábáin | Cumhacht an innill | Raon oibríochtúil (OR) | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo (*) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Feithiclí seachas feithiclí seirbhíse | Feithiclí seirbhíse |
| 53 agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha in 51 | Gach rud | | | 53 | 53v |
| 54 agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha in 52 | Gach rud | | | 54 | — |
| 1s | Gach rud | | | 1s | 1sv |
| 1 | Gach rud | | | 1 | 1v |
| 2 | Gach rud | | | 2 | 2v |
| 3 | Gach rud | | | 3 | 3v |

| Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Cineál cábáin | Cumhacht an innill | Raon oibríochtúil (OR) | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo (*) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Feithiclí seachas feithiclí seirbhíse | Feithiclí seirbhíse |
| 4 | Gach rud | <170 kW | Gach rud | 4-UD | 4v |
| | Cábán lae | ≥170 kW | Gach rud | 4-RD | |
| | Cábán codlata | ≥170 kW agus <265 kW | | | |
| | Cábán codlata | ≥265 kW | < 350 km | | |
| | Cábán codlata | ≥265 kW | ≥ 350 km | 4-LH | |
| 9 | Cábán lae | Gach rud | Gach rud | 9-RD | 9v |
| | Cábán codlata | Gach rud | < 350 km | | |
| | Cábán codlata | Gach rud | ≥ 350 km | 9-LH | |
| 5 | Cábán lae | Gach rud | Gach rud | 5-RD | 5v |
| | Cábán codlata | < 265 kW | | | |
| | Cábán codlata | ≥ 265 kW | < 350 km | | |
| | Cábán codlata | ≥ 265 kW | ≥ 350 km | 5-LH | |

| Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Cineál cábáin | Cumhacht an innill | Raon oibríochtúil (OR) | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo (*) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Feithiclí seachas feithiclí seirbhíse | Feithiclí seirbhíse |
| 10 | Cábán lae | Gach rud | Gach rud | 10-RD | 10v |
| | Cábán codlata | Gach rud | < 350 km | | |
| | Cábán codlata | Gach rud | ≥ 350 km | 10-LH | |
| 11 | Gach rud | | | 11 | 11v |
| 12 | Gach rud | | | 12 | 12v |
| 16 | Gach rud | | | 16 | 16v |

(*) Chun sciartha feithiclí agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróirí do thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2030 go 2034 a ríomh i gcomhréir le pointí 2.4 agus 2.7, faoi seach, sannfar feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha de chatagóir N mar a leanas:

| Feithicil seirbhíse astaíochtaí nialasacha san fhoghrúpa feithiclí | Sannta don fhoghrúpa feithiclí |
|---|---|
| 53v | 53 |
| 1sv | 1s |
| 1v | 1 |
| 2v | 2 |
| 3v | 3 |
| 4v | 4-UD |
| 5v | 5-RD |
| 9v | 9-RD |
| 10v | 10-RD |

| Feithicil seirbhíse astaíochtaí nialasacha san fhoghrúpa feithiclí | Sannta don fhoghrúpa feithiclí |
|---|---|
| 11v | 11 |
| 12v | 12 |
| 16v | 16 |

Ciallaíonn "cábán codlata" cineál cábáin ina bhfuil urrann taobh thiar de shuíochán an tiománaí atá ceaptha lena húsáid don chodladh arna thuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b.

Ciallaíonn "cábán lae" cineál cábáin nach cábán codlata é.

I gcás ina sanntar feithicil nua tromshaothair d'fhoghrúpa feithiclí 4-UD, ach nach bhfuil sonraí faoi na hastaíochtaí $CO_2$ in g/km ar fáil don phróifíl mhisin UDL nó UDR a shainmhínítear i bpointe 1.4. sannfar an fheithicil nua tromshaothair d'fhoghrúpa feithiclí 4-RD.

Ciallaíonn "raon oibríochtúil" an fad is féidir le feithicil tromshaothair taisteal faoi dhálaí iompair cianaistir gan í a athluchtú nó a athlíonadh, dá bhforáiltear i bpointe 1.3.

1.1.2. Maidir le feithiclí tromshaothair de chatagóir M, sainmhínítear an foghrúpa feithiclí *sg* mar a leanas:

| Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo |
|---|---|
| 31a, 31d | 31-LF |
| 31b1 | 31-L1 |
| 31b2 | 31-L2 |
| 31c, 31e | 31-DD |
| 32a, 32b | 32-C2 |
| 32c, 32d | 32-C3 |
| 32e, 32f | 32-DD |
| 33a, 33d, 37a, 37d | 33-LF |
| 33b1, 37b1 | 33-L1 |
| 33b2, 37b2 | 33-L2 |

| Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo |
|---|---|
| 33c, 33e, 37c, 37e | 33-DD |
| 34a, 34b, 36a, 36b, 38a, 38b, 40a, 40b | 34-C2 |
| 34c, 34d, 36c, 36d, 38c, 38d, 40c, 40d | 34-C3 |
| 34e, 34f, 36e, 36f, 38e, 38f, 40e, 40f | 34-DD |
| 35a, 35b1, 35b2, 35c | 35-FE |
| 39a, 39b1, 39b2, 39c | 39-FE |

1.1.3. Maidir le feithiclí tromshaothair de chatagóir O, sainmhínítear an foghrúpa feithiclí *sg* mar a leanas:

| Grúpaí feithiclí a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 | Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo |
|---|---|
| Gach grúpa dá bhforáiltear i dTábla 1 ag a bhfuil acastóir amháin, dhá acastóir nó tríacastóir | Mar a fhoráiltear sa cholún "grúpa feithiclí" de na táblaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362. |
| Gach grúpa dá bhforáiltear i dTábla 4 ag a bhfuil dhá nó trí acastóir | |
| Gach grúpa dá bhforáiltear i dTábla 6 | |

1.2. Sainmhínítear feithiclí oibre leis na critéir seo a leanas:

| Catagóir feithicle | Cumraíocht fonnaidh | Critéir le haghaidh feithiclí oibre |
|---|---|---|
| N | Docht | Úsáidtear ceann de na digití seo a leanas, mar a liostaítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, chun cód an chabhalra a léirítear in iontráil 38 den deimhniú comhréireachta a fhorlíonadh:<br>09, 10, 15, 16, 18, 19, 20, 23, 24, 25, 26, 27, 28 nó 31; |
| | Tarracóir | Nach mó ná 79 km/h an t-uasluas |

1.3. Socraítear raonta oibríochtúla chun críocha an Rialacháin seo mar a leanas:

| Teicneolaíocht gléasra cumhachta | Raon oibríochtúil (OR) |
|---|---|
| Feithiclí Tromshaothair a tharraingíonn fuinneamh, ar mhaithe le tiomáint mheicniúil amháin, ó ghléas stórála fuinnimh leictrigh nó cumhachta | OR = raon iarbhír ídithe luchtaithe dá bhforáiltear i bpointe 2.4.1 de Chuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 don phróifíl mhisin LHR |
| Teicneolaíochtaí eile | OR > 350 km |

1.4. Sainmhínithe ar na próifílí misin

| | |
|---|---|
| RDL | Seachadadh réigiúnach le pálasta íseal |
| RDR | Seachadadh réigiúnach le pálasta ionadaíoch |
| LHL | Cianaistear le pálasta íseal |
| LHR | Cianaistear le pálasta ionadaíoch |
| UDL | Seachadadh uirbeach le pálasta íseal |
| UDR | Seachadadh uirbeach le pálasta ionadaíoch |
| REL | Seachadadh réigiúnach (EMS) le pálasta íseal |
| RER | Seachadadh réigiúnach (EMS) le pálasta ionadaíoch |
| LEL | Cianaistear (EMS) le pálasta íseal |
| LER | Cianaistear (EMS) le pálasta ionadaíoch |
| MUL | Fóntas bardasach le pálasta íseal |
| MUR | Fóntas bardasach le pálasta ionadaíoch |
| COL | Tógáil le pálasta íseal |
| COR | Tógáil le pálasta ionadaíoch |
| HPL | Uirbeach trom, iompar paisinéirí, ualach íseal |
| HPR | Uirbeach trom, iompar paisinéirí, ualach ionadaíoch |

| | |
|---|---|
| UPL | Uirbeach, iompar paisinéirí, ualach íseal |
| UPR | Uirbeach, iompar paisinéirí, ualach ionadaíoch |
| SPL | Fo-uirbeach, iompar paisinéirí, ualach íseal |
| SPR | Fo-uirbeach, iompar paisinéirí, ualach ionadaíoch |
| IPL | Idiruirbeach, iompar paisinéirí, ualach íseal |
| IPR | Idiruirbeach, iompar paisinéirí, ualach ionadaíoch |
| CPL | Cóiste, iompar paisinéirí, ualach íseal |
| CPR | Cóiste, iompar paisinéirí, ualach ionadaíoch |

2. Meánastaíochtaí $CO_2$ sonracha monaróra a ríomh

2.1. Astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fheithicil nua tromshaothair a ríomh

Déanfar na hastaíochtaí $CO_2$ sonracha in g/km ó fheithicil nua tromshaothair *v* atá sannta d'fhoghrúpa feithiclí *sg* nó óna príomhfheithicil a ríomh mar a leanas:

$$CO2_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2_{v,mp}$$

$$CO2p_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2p_{v,mp}$$

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $\Sigma_{mp}$ | suim gach próifíle misin *mp* a liostaítear i bpointe 1.4; |
| *sg* | an foghrúpa feithiclí dár sannadh an fheithicil nua tromshaothair v i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn seo; |
| $W_{sg,mp,}$ | ualú na próifíle misin a shonraítear i bpointí 2.1.1 go 2.1.3; |
| $CO2_{v,mp}$ | astaíochtaí $CO_2$ in g/km ó fheithicil nua tromshaothair v arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, arna tuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b agus arna normalú de bhun Iarscríbhinn III; |
| $CO2p_{v,mp}$ | astaíochtaí $CO_2$ in g/km na príomhfheithicle den fheithicil nua tromshaothair v, arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, agus do chumraíocht fonnaidh (urlár íseal/ard, an líon deiceanna) is infheidhme maidir lena foghrúpa feithiclí *sg*, arna tuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b agus arna normalú de bhun Iarscríbhinn III; |

Maidir le mótarfheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, socrófar na luachanna $CO2_{v,mp}$ agus $CO2_{pv,mp}$ ag 0.

2.1.1. Ualuithe na bpróifílí misin ($W_{sg,mp}$) le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER | MUL | MUR | COL | COR |
| 53, 53v | 0,25 | 0,25 | 0 | 0 | 0,25 | 0,25 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 54 | 0,25 | 0,25 | 0 | 0 | 0,25 | 0,25 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 1s, 1sv | 0,1 | 0,3 | 0 | 0 | 0,18 | 0,42 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 1, 1v | 0,1 | 0,3 | 0 | 0 | 0,18 | 0,42 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 2, 2v | 0,125 | 0,375 | 0 | 0 | 0,15 | 0,35 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 3, 3v | 0,125 | 0,375 | 0 | 0 | 0,15 | 0,35 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4-UD | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,5 | 0,5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4-RD | 0,45 | 0,45 | 0,05 | 0,05 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4-LH | 0,05 | 0,05 | 0,45 | 0,45 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 4v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,25 | 0,25 | 0,25 | 0,25 |
| 5-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 5-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 5v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,5 | 0,5 |
| 9-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 9-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 9v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,25 | 0,25 | 0,25 | 0,25 |
| 10-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 10-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER | MUL | MUR | COL | COR |
| 10v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,5 | 0,5 |
| 11 | 0,3 | 0,7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 11v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,1 | 0,23 | 0,3 | 0,37 |
| 12 | 0,3 | 0,7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 12v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,3 | 0,7 |
| 16, 16v | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,3 | 0,7 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1
(**) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4

2.1.2. Ualuithe na bpróifílí misin ($W_{sg,mp}$) le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | HPL | HPR | UPL | UPR | SPL | SPR | IPL | IPR | CPL | CPR |
| 31-LF | 0,27 | 0,23 | 0,15 | 0,13 | 0,11 | 0,11 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31-L1 | 0,05 | 0,05 | 0,16 | 0,14 | 0,32 | 0,28 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31-L2 | 0,05 | 0,05 | 0,09 | 0,08 | 0,15 | 0,13 | 0,24 | 0,21 | 0 | 0 |
| 31-DD | 0,20 | 0,31 | 0,12 | 0,18 | 0,07 | 0,12 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 32-C2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,47 | 0,43 | 0,04 | 0,06 |
| 32-C3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,05 | 0,05 | 0,30 | 0,60 |
| 32-DD | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,05 | 0,05 | 0,35 | 0,55 |
| 33-LF | 0,27 | 0,23 | 0,15 | 0,13 | 0,11 | 0,11 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | HPL | HPR | UPL | UPR | SPL | SPR | IPL | IPR | CPL | CPR |
| 33-L1 | 0,05 | 0,05 | 0,16 | 0,14 | 0,32 | 0,28 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 33-L2 | 0,05 | 0,05 | 0,09 | 0,08 | 0,15 | 0,13 | 0,24 | 0,21 | 0 | 0 |
| 33-DD | 0,20 | 0,31 | 0,12 | 0,18 | 0,07 | 0,12 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 34-C2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,47 | 0,43 | 0,04 | 0,06 |
| 34-C3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,05 | 0,05 | 0,30 | 0,60 |
| 34-DD | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,05 | 0,05 | 0,35 | 0,55 |
| 35-FE | 0,27 | 0,23 | 0,15 | 0,13 | 0,11 | 0,11 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 39-FE | 0,27 | 0,23 | 0,15 | 0,13 | 0,11 | 0,11 | 0 | 0 | 0 | 0 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1
(**) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4

2.1.3. Ualuithe na bpróifílí misin ($W_{sg,mp}$) le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir O

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER |
| 111, 111V, 112, 112V, 113 | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 121, 121V, 122, 122V, 123, 123V, 124, 124V, 125, 126 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 131, 131v, 132, 132v, 133 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 421, 421v, 422, 422v, 423 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER |
| 431, 431v, 432, 432v, 433 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 611, 612 | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 611v, 612v | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 621, 623 | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 621V, 622, 622V, 623V, 624, 624V, 625 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 631, 631v, 632, 632v, 633 | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1
(**) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4

2.2 Meánastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí nua tromshaothair uile i bhfoghrúpa feithiclí le haghaidh monaróra

Maidir le gach monaróir agus gach tréimhse thuairiscithe, déanfar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ $avgCO2_{sg}$ na bhfeithiclí nua tromshaothair uile i bhfoghrúpa feithiclí *sg* nó a bpríomhfheithiclí, más infheidhme, a ríomh mar a leanas:

2.2.1 Le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N agus O:

$$avgCO2_{sg} = \frac{\sum_v CO2_v}{V_{sg} \times PL_{sg}} \text{ (in g/tkm)}$$

2.2.2 Maidir le feithiclí iomlána agus lánchríochnaithe de chatagóir M:

$$avgCO2_{sg} = \frac{\sum_v CO2_v}{(V_{sg} - Vpv_{sg}) \times PN_{sg}} \text{ (in g/pkm)}$$

2.2.3 Maidir le príomhfheithiclí na bhfeithiclí tromshaothair de chatagóir M:

$$avgCO2p_{sg} = \frac{\sum_v CO2p_v}{Vpv_{sg} \times PN_{sg}} \text{ (in g/pkm)}$$

I gcás inarb é:

$\sum_v$ suim gach feithicle nuaí tromshaothair atá ag an monaróir san fhoghrúpa feithiclí *sg*, faoi réir Airteagal 7b;

$CO2_v$ astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle nuaí tromshaothair *v* arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1;

| | |
|---|---|
| $CO2p_v$ | astaíochtaí sonracha $CO_2$ phríomhfheithicil na feithicle nuaí tromshaothair v arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1; |
| $V_{sg}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir san fhoghrúpa *sg*; |
| $Vpv_{sg}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg*, a gcuirfear astaíochtaí $CO_2$ a bpríomhfheithiclí san áireamh de bhun Airteagal 7b, agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i bpointe 2.2.3 á ríomh; |
| $PL_{sg}$ | meán-phálasta na bhfeithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é; |
| $PN_{sg}$ | meán-phálasta na bhfeithiclí san fhoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é. |

2.3. Ríomh an fhachtóra astaíochtaí nialasacha agus an fhachtóra astaíochtaí ísle, dá dtagraítear in Airteagal 5

2.3.1 Tréimhsí tuairiscithe 2019 go 2024

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe ó 2019 go 2024, déanfar an fachtóir feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle (*ZLEV*) dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh mar a leanas:

$$ZLEV = V_{all} / (V_{conv} + V_{zlev}) \text{ le hísluach de } 0{,}97$$

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $V_{all}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir sna foghrúpaí feithiclí *sg* = 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH; |
| $V_{conv}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir sna foghrúpaí feithiclí *sg* = 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH seachas feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle; |
| $V_{zlev}$ | suim $V_{in}$ agus $V_{out}$, |

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $V_{in}$ | $\Sigma_v\ (1+ (1 - CO2_v/LET_{sg}))$ |
| Agus $\Sigma_v$ | cothrom le suim gach feithicle tromshaothair astaíochtaí nialasacha nua agus ísle nua sna foghrúpaí feithiclí *sg* = 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH; agus inarb é: |
| $CO2_v$ | astaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/km ó fheithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha nó ísle v arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1; |
| $LET_{sg}$ | tairseach astaíochtaí ísle an fhoghrúpa feithiclí *sg* lena mbaineann an fheithicil tromshaothair v mar a shainmhínítear i bpointe 2.3.4; |
| $V_{out}$ | an líon iomlán feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha de chatagóir N, nach bhfuil sna foghrúpaí feithiclí dá dtagraítear le sainmhíniú $V_{in}$, agus le huasmhéid 1,5 % de $V_{con}$. |

2.3.2 Tréimhsí tuairiscithe ó 2025 go 2029

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar an fachtóir feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle (*ZLEV*) dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| $ZLEV = 1 - (y - x)$ | ach amháin más mó an tsuim sin ná 1 nó más lú ná 0,97 í agus, sa chás sin, socrófar an fachtóir *ZLEV* ag 1 nó 0,97 faoi seach |

I gcás inarb é:

x 0,02;

y suim $V_{in}$ agus $V_{out}$, arna roinnt ar $V_{total}$, i gcás inarb é:

$V_{in}$ an líon iomlán feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle atá nuachláraithe sna foghrúpaí feithiclí *sg* = 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH, i gcás ina gcomhairtear gach ceann acu mar $ZLEV_{specific}$ i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos:

$$ZLEV_{specific} = 1 - (CO2_v / LET_{sg})$$

I gcás inarb é:

$CO2_v$ astaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/km ó fheithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha nó ísle *v* arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1;

$LET_{sg}$ tairseach astaíochtaí ísle an fhoghrúpa feithiclí *sg* lena mbaineann an fheithicil tromshaothair v mar a shainmhínítear i bpointe 2.3.4;

$V_{out}$ an líon iomlán feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá nuachláraithe de chatagóir N, nach bhfuil sna foghrúpaí feithiclí dá dtagraítear le sainmhíniú Vin, agus le huasmhéid 0,035 de $V_{total}$;

$V_{total}$ líon iomlán na bhfeithiclí nua tromshaothair chláraithe de chatagóir N atá ag an monaróir sa tréimhse sin.

I gcás inar lú $V_{in}/V_{total}$ ná 0,0075, socrófar an fachtóir *ZLEV* ag 1.

2.3.3 Tréimhsí tuairiscithe ó 2030 ar aghaidh

$$ZLEV = 1$$

2.3.4 Tairseach na n-astaíochtaí ísle a ríomh

Sainítear tairseach astaíochtaí ísle *LETsg* an fhoghrúpa *sg* mar a leanas:

$$LETsg = (rCO2_{sg} \times PL_{sg}) / 2$$

I gcás inarb é:

$rCO2_{sg}$ astaíochtaí tagartha $CO_2$ an fhoghrúpa feithiclí *sg*, mar a chinntear i bpointe 3 é;

$PL_{sg}$ meán-phálasta na bhfeithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg*, mar a chinntear i bpointe 2.5 é.

2.4 Sciartha feithicle tromshaothair a ríomh

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar sciar na bhfeithiclí nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí $share_{sg}$ a ríomh mar a leanas:

$$share_{sg} = \frac{V_{sg}}{V}$$

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha nua i bhfoghrúpa feithiclí $zev_{sg}$ a ríomh mar a leanas:

$$zev_{sg} = \frac{Vzev_{sg}}{V_{sg}}$$

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar sciar na bhfeithiclí nua tromshaothair laistigh den fhoghrúpa feithiclí *sg*, a chuirfear san áireamh de bhun Airteagal 7b le hastaíochtaí $CO_2$ a bpríomhfheithiclí agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i bpointe 2.2 á ríomh, a ríomh mar seo a leanas:

$$pv_{sg} = \frac{Vpv_{sg}}{V_{sg}}$$

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $Vzev_{sg}$ | an líon feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha nua atá ag an monaróir i bhfoghrúpa feithiclí *sg*; |
| $Vpv_{sg}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair laistigh den fhoghrúpa feithiclí *sg*, a gcuirfear astaíochtaí $CO_2$ a bpríomhfheithiclí san áireamh de bhun Airteagal 7b, agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i bpointe 2.2. á ríomh; |
| $V_{sg}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir i bhfoghrúpa feithiclí *sg*; |
| $V$ | an líon feithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir. |

2.5. Luachanna pálasta, an líon paisinéirí agus méideanna lasta

Déanfar meánluach pálasta $PL_{sg}$ feithicle tromshaothair de chatagóir N nó O i bhfoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh mar a leanas:

$$PL_{sg} = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times PL_{sg,mp}$$

Déanfar meánlíon paisinéirí $PN_{sg}$ atá ag feithicil tromshaothair de chatagóir M i bhfoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh mar a leanas:

$$PN_{sg} = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times PN_{sg,mp}$$

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $\sum_{mp}$ | suim na bpróifílí misin *mp* uile |
| $W_{sg,mp}$, | ualú na próifíle misin a shonraítear i bpointí 2.1.1 go 2.1.3 |
| $PL_{sg,mp}$ | an luach pálasta arna shannadh do na feithiclí tromshaothair de chatagóir N agus O san fhoghrúpa feithiclí *sg* don phróifíl mhisin *mp*, mar a shonraítear i bpointí 2.5.1 agus 2.5.3. |
| $PN_{sg,mp}$ | an líon paisinéirí arna shannadh do na feithiclí tromshaothair de chatagóir M san fhoghrúpa feithiclí *sg* don phróifíl mhisin *mp*, mar a shonraítear i bpointe 2.5.2. |

2.5.1. Feithiclí tromshaothair de chatagóir N.

Cinntear na luachanna pálasta $PL_{sg,mp}$ (i dtonaí) mar a leanas:

| Foghrúpa feithiclí *sg* (*) | Próifíl mhisin *mp* (**) | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL | RER | LEL | LER | MUL | MUR | COL | COR |
| 53 | Mar a chinntear i bpointe 3.1.1 | | Ní bhaineann le hábhar | | Mar a chinntear i bpointe 3.1.1 | | Ní bhaineann le hábhar | | | | | | | |
| 53v | | | | | | | | | | | | | | |
| 54 | | | | | | | | | | | | | | |
| 1s | | | | | | | | | | | | | | |
| 1sv | | | | | | | | | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | | | | | | |
| 1v | | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | Mar a chinntear i bpointe 3.1.1 | | | | | | | | | | | |
| 2v | | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | Ní bhaineann le hábhar | | | | | | | | | | | |
| 3v | | | | | | | | | | | | | | |
| 4-UD | 0,9 | 4,4 | 1,9 | 14 | 0,9 | 4,4 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | 0,6 | 3,0 | 0,9 | 4,4 |
| 4-RD | | | | | | | | | | | | | | |
| 4-LH | | | | | | | | | | | | | | |
| 4v | | | | | | | | | | | | | | |
| 5-RD | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | 2,6 | 12,9 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | N/B | N/B | 2,6 | 12,9 |
| 5-LH | | | | | | | | | | | | | | |
| 5v | | | | | | | | | | | | | | |

| Foghrúpa feithiclí *sg* (*) | Próifíl mhisin *mp* (**) | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL | RER | LEL | LER | MUL | MUR | COL | COR |
| 9-RD | 1,4 | 7,1 | 2,6 | 19,3 | 1,4 | 7,1 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | 1,2 | 6,0 | 1,4 | 7,1 |
| 9-LH | | | | | | | | | | | | | | |
| 9v | | | | | | | | | | | | | | |
| 10-RD | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | 2,6 | 12,9 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | N/B | N/B | 2,6 | 12,9 |
| 10-LH | | | | | | | | | | | | | | |
| 10v | | | | | | | | | | | | | | |
| 11 | 1,4 | 7,1 | 2,6 | 19,3 | 1,4 | 7,1 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | 1,2 | 6,0 | 1,4 | 7,1 |
| 11v | | | | | | | | | | | | | | |
| 12 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | 2,6 | 12,9 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 | N/B | N/B | 2,6 | 12,9 |
| 12v | | | | | | | | | | | | | | |
| 16 | Ní bhaineann le hábhar | | | | | | | | | | | | 2,6 | 12,9 |
| 16v | | | | | | | | | | | | | | |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1
(**) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4

Cinntear luachanna na bpálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil $maxPL_{sg}$ agus méideanna lasta $CV_{sg}$ i gcomhréir le pointe 3.1.1.

2.5.2. Feithiclí tromshaothair de chatagóir M.

An líon paisinéirí $PN_{sg,mp}$, maiseanna paisinéirí $PN_{sg,mp}$ agus an t-uaslíon paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil $maxPN_{sg}$ le haghaidh an fhoghrúpa feithiclí *sg* agus na próifíle misin *mp*, cinntear i gcomhréir le pointe 3.1.1 iad.

2.5.3. Feithiclí tromshaothair de chatagóir O.

Cinntear na luachanna pálasta $PL_{sg,mp}$ (i dtonaí) mar a leanas:

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Próifíl mhisin (*mp*) (**) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER |
| 111, 111V,112, 112V, 113 | 1,5 | 7,5 | 1,5 | 11,2 | N/B | N/B | N/B |
| 121, 121V, 123, 123V, 125 | 2,2 | 11,2 | 2,2 | 16,8 | N/B | N/B | N/B |
| 122, 122V, 124, 124V, 126 | 2,4 | 12,2 | 2,4 | 18,3 | N/B | N/B | N/B |
| 131, 131v, 132, 132v, 133 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | N/B | N/B | N/B |
| 421, 421v, 422, 422v, 423 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | N/B | N/B | N/B |
| 431, 431v, 432, 432v, 433 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | N/B | N/B | N/B |
| 611, 612 | 1,2 | 6,1 | 1,2 | 9,2 | N/B | N/B | N/B |
| 611v, 612v | 1,2 | 6,1 | 1,2 | 9,2 | N/B | N/B | N/B |
| 621, 621v, 623, 623v | 1,3 | 6,3 | 1,3 | 9,5 | N/B | N/B | N/B |
| 622, 622V, 624, 624V, 625 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | N/B | N/B | N/B |
| 631, 631v, 632, 632v, 633 | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | N/B | N/B | N/B |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1
(**) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4

Cinntear luachanna na bpálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil $maxPL_{sg}$ agus méideanna lasta $CV_{sg}$ i gcomhréir le pointe 3.1.1.

2.6. Fachtóir ualúcháin an mhíleáiste agus an phálasta nó an lín paisinéirí a ríomh

Sainmhínítear fachtóir ualúcháin an mhíleáiste agus an phálasta (paisinéirí) ($MPW_{sg}$) atá ag foghrúpa feithiclí *sg* mar an toradh ar an míleáiste bliantúil a shonraítear i bpointe 2.6.1 agus na luachanna pálasta agus lín paisinéirí don fhoghrúpa feithiclí a shonraítear i bpointí 2.5.1, 2.5.2 agus 2.5.3 le haghaidh na gcatagóirí feithiclí N, M agus O, faoi seach, arna normalú go dtí an luach faoi seach don fhoghrúpa feithiclí 5-LH, agus déanfar é a ríomh mar a leanas:

$$MPW_{sg} = \frac{(AM_{sg} \times PL_{sg})}{(AM_{5-LH} \times PL_{5-LH})}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N agus O)

$$MPW_{sg} = \frac{(AM_{sg} \times PN_{sg})}{(AM_{5-LH} \times PL_{5-LH})}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)

I gcás inarb é:

$AM_{sg}$ an míleáiste bliantúil a shonraítear i bpointí 2.6.1, 2.6.2 agus 2.6.3 do na feithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí faoi seach;

$AM_{5-LH}$ an míleáiste bliantúil a shonraítear don fhoghrúpa feithiclí 5-LH in 2.6.1;

$PL_{sg}$ mar a chinntear i bpointí 2.5.1 agus 2.5.3 é;

$PN_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.5.2 é;

$PL_{5-LH}$ an meánluach pálasta don fhoghrúpa feithiclí *5-LH* mar a chinntear i bpointe 2.5.1 é.

2.6.1. Míleáistí bliantúla le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N

| Foghrúpa feithiclí (*sg*) (*) | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 53, 53v | 58 000 |
| 54 | 58 000 |
| 1s, 1sv | 58 000 |
| 1, 1v | 58 000 |
| 2, 2v | 60 000 |
| 3, 3v | 60 000 |
| 4-UD | 60 000 |
| 4-RD | 78 000 |
| 4-LH | 98 000 |
| 4v | 60 000 |
| 5-RD | 78 000 |
| 5-LH | 116 000 |
| 5v | 60 000 |
| 9-RD | 73 000 |

| Foghrúpa feithiclí ($sg$) (*) | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 9-LH | 108 000 |
| 9v | 60 000 |
| 10-RD | 68 000 |
| 10-LH | 107 000 |
| 10v | 60 000 |
| 11 | 65 000 |
| 11v | 60 000 |
| 12 | 67 000 |
| 12v | 60 000 |
| 16, 16v | 60 000 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1

2.6.2. Míleáistí bliantúla le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M

| Foghrúpa feithiclí ($sg$) (*) | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 31-LF | 60 000 |
| 31-L1 | 60 000 |
| 31-L2 | 60 000 |
| 31-DD | 60 000 |
| 32-C2 | 96 000 |
| 32-C3 | 96 000 |
| 32-DD | 96 000 |
| 33-LF | 60 000 |
| 33-L1 | 60 000 |
| 33-L2 | 60 000 |

| Foghrúpa feithiclí<br>(*sg*) (*) | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 33-DD | 60 000 |
| 34-C2 | 96 000 |
| 34-C3 | 96 000 |
| 34-DD | 96 000 |
| 35-FE | 60 000 |
| 39-FE | 60 000 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1

2.6.3. Míleáistí bliantúla le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir O

| Foghrúpa feithiclí<br>(*sg*) (*) | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 111, 111V,112, 112V, 113 | 52 000 |
| 121, 121V, 122, 122V, 123, 123V, 124, 124V, 125, 126, 131, 131v, 132, 132v, 133 | 77 000 |
| 421, 421v, 422, 422v, 423, 431, 431v, 432, 432v, 433 | 68 000 |
| 611, 612, 611v, 612v, 621, 623, 621v, 623v | 40 000 |
| 622, 622V, 624, 624V, 625, 631, 631v, 632, 632v, 633 | 68 000 |

(*) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1

2.7. Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróirí, dá dtagraítear in Airteagal 4

Le haghaidh gach monaróra, déanfar na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ seo a leanas a ríomh:

2.7.1. Le haghaidh tréimhsí tuairiscithe na mblianta 2019 go 2029:

$$CO2(2025) = ZLEV \times \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times avgCO2_{sg}$$

2.7.2. Le haghaidh tréimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh:

$$CO2(NO) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times avgCO2_{sg}$$

$$CO2(MCO2) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times [avgCO2_{sg} \times (1 - pv_{sg}) + avgCO2p_{sg} \times pv_{sg}]$$

$$CO2(MZE) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - zev_{sg}) \times rCO2_{sg}$$

$$CO2(M) = CO2(MCO2) + CO2(MZE)$$

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $\sum_{sg}$ | suim na bhfoghrúpaí feithiclí sin a áirítear i ríomh na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ ar leith i gcomhréir le pointe 4.2; |
| $ZLEV$ | mar a chinntear i bpointe 2.3 é; |
| $share_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.4 é; |
| $zev_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.4 é; |
| $pv_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.4 é; |
| $MPW_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.6 é; |
| $avgCO2_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.2 é; |
| $avgCO2p_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.2 é; |
| $rCO2_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 3.1.2 é. |

3. Na luachanna tagartha a ríomh

3.1. Luachanna tagartha

Déanfar na luachanna tagartha seo a leanas a ríomh ar bhonn na bhfeithiclí nua tromshaothair uile atá ag gach monaróir le haghaidh na tréimhse tagartha is infheidhme maidir leis an bhfoghrúpa feithiclí *sg* de réir phointe 3.2.

3.1.1. Le haghaidh gach feithicle, foghrúpa feithiclí *sg*, phálasta $PL_{sg,mp}$, an lín paisinéirí $PN_{sg,mp}$, mais paisinéirí $PM_{sg,mp}$, an phálasta uasta atá incheadaithe go teicniúil $maxPL_{sg}$, an uaslín paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil $maxPN_{sg}$ agus méid lasta $CV_{sg}$, déanfar na luachanna sin a ríomh mar a leanas:

$$PL_{sg,mp} = \frac{\sum_v PL_{v,mp}}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N)*

$$PN_{sg,mp} = \frac{\sum_v PN_{v,mp}}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)*

$$PM_{sg,mp} = \frac{\sum_v PM_{v,mp}}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)*

$$maxPL_{sg} = \frac{\sum_v maxPL_v}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N)

$$maxPN_{sg} = \frac{\sum_v maxPN_v}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)

$$CV_{sg} = \frac{\sum_v CV_v}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir O)

(*le haghaidh foghrúpaí feithiclí amháin, nach dtugtar aon luachanna sainráite ar $PL_{sg,mp}$ nó $PN_{sg,mp}$ ina leith i bpointe 2.5)

3.1.2. Déanfar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ $rCO2_{sg}$ dá dtagraítear in Airteagal 3 a ríomh mar a leanas:

$$rCO2_{sg} = \frac{\sum_v (CO2_v / PL_{sg})}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N agus O)

$$rCO2_{sg} = \frac{\sum_v (CO2_v / PN_{sg})}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)

$$rCO2p_{sg} = \frac{\sum_v (CO2p_v / PN_{sg})}{rV_{sg}}$$ (le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir M)

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $\sum_v$ | suim na bhfeithiclí nua tromshaothair uile san fhoghrúpa feithiclí *sg* a cláraíodh sa tréimhse thagartha is infheidhme maidir le *sg* de réir phointe 3.2; |
| $CO2_v$ | astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle nua tromshaothair v arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1, arna gcoigeartú, más infheidhme, de bhun Iarscríbhinn II; |
| $CO2p_v$ | astaíochtaí sonracha $CO_2$ phríomhfheithicil na feithicle nuaí tromshaothair v arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1, arna gcoigeartú, más infheidhme, de bhun Iarscríbhinn II; |
| $rV_{sg}$ | an líon feithiclí nua tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* arna chlárú sa tréimhse thagartha is infheidhme maidir le *sg* de réir phointe 3.2; |
| $PL_{sg}$ | meán-phálasta na bhfeithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é; |
| $PN_{sg}$ | meánlíon paisinéirí na bhfeithiclí tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é; |
| $PL_{v,mp}$ | pálasta na feithicle tromshaothair v sa phróifíl mhisin *mp*, arna chinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b; |
| $PN_{v,mp}$ | líon paisinéirí na feithicle tromshaothair v sa phróifíl mhisin *mp* arna chinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b; |
| $PM_{v,mp}$ | mais paisinéirí na feithicle tromshaothair v sa phróifíl mhisin *mp* arna cinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b; |

| | |
|---|---|
| $maxPL_v$ | pálasta uasta na feithicle tromshaothair v atá incheadaithe go teicniúil arna chinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b; |
| $maxPN_v$ | uaslíon paisinéirí na feithicle tromshaothair *v* atá incheadaithe go teicniúil arna chinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b; |
| $CV_v$ | méid lasta na feithicle tromshaothair v arna chinneadh ó na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b. |

3.2. Tréimhsí tagartha is infheidhme maidir le foghrúpaí feithiclí

Cuirfear na tréimhsí tuairiscithe seo a leanas i bhfeidhm mar thréimhsí tagartha maidir le foghrúpaí feithiclí:

| Foghrúpa feithiclí *sg* | Tréimhsí tuairiscithe na bliana is infheidhme mar thréimhse thagartha |
|---|---|
| 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH | 2019 |
| 1, 2, 3, 11, 12, 16 | 2021 |
| Gach ceann eile | 2025 |

3.2.1. Más rud é, le linn na tréimhse tagartha mar a shonraítear i bpointe 3.2 i bhfoghrúpa feithiclí *sg*, gur lú ná 50, an líon feithiclí nua tromshaothair ag monaróirí uile, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

Na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ $avgCO2_{sg}$ agus $avgCO2p_{sg}$ dá bhforáiltear i bpointe 2.2. agus na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ $rCO2_{sg}$ agus $rCO2p_{sg}$ dá bhforáiltear i bpointe 3.1.2, socrófar ag “0” iad le haghaidh na monaróirí uile san fhoghrúpa feithiclí *sg* chun na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh i gcomhréir le pointe 2.7 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh i gcomhréir le pointe 4.1 le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta < Y + 5. Sa chás seo, is é Y an bhliain den chéad tréimhse thuairiscithe ina bhfuil 50 feithicil nua tromshaothair ar a laghad ag na monaróirí uile san fhoghrúpa feithiclí *sg*.

Chun na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ $rCO2_{sg}$ agus $rCO2p_{sg}$ a fháil chun an sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh i gcomhréir le pointe 4, déanfar na luachanna comhfhreagracha dá bhforáiltear i bpointe 3.1.2 a ríomh le haghaidh thréimhse tuairiscithe na bliana Y ar dtús seachas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe is infheidhme maidir leis an bhfoghrúpa feithiclí *sg* de réir phointe 3.2.

Roinnfear na luachanna a thagann as sin ar an méid seo a leanas

— an spriocfhachtóir $RET_{sg,Y}$, mar a shainítear i bpointe 5.1.1, chun na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ $rCO2_{sg}$ a fháil,

— an spriocfhachtóir $RETp_{sg,Y}$, mar a shainítear i bpointe 5.1.1, chun na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ $rCO2p_{sg}$ a fháil.

4. Sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra dá dtagraítear in Airteagal 6 a ríomh

4.1. Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$

Le haghaidh gach monaróra, déanfar an sprioc seo a leanas i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ *T* a ríomh mar a leanas:

4.1.1. Le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta ó 2025 go 2029:

$$T(2025) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - rf_{sg}) \times rCO2_{sg}$$

4.1.2. Le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta ó 2030 ar aghaidh:

$$T(NO) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - rf_{sg}) \times rCO2_{sg}$$

$$T(MCO2) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times [(1 - pv_{sg}) \times (1 - rf_{sg}) \times rCO2_{sg} + pv_{sg} \times (1 - rfp_{sg}) \times rCO2p_{sg}]$$

$$T(MZE) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - zevM_{sg})\ x\ rCO2_{sg}$$

$$T(M) = T(MCO2) + T(MZE)$$

I gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| $\Sigma_{sg}$ | suim na bhfoghrúpaí feithiclí sin a áirítear i ríomh na sprice sonraí áirithe i leith astaíochtaí $CO_2$ i gcomhréir le pointe 4.2; |
| $share_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.4 é; |
| $MPW_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.6 é; |
| $rf_{sg}$ | an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ is infheidhme sa tréimhse thuairiscithe shonrach maidir le feithiclí nua tromshaothair san fhoghrúpa *sg* dá bhforáiltear i bpointe 4.3; |
| $rfp_{sg}$ | an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ is infheidhme sa tréimhse thuairiscithe shonrach maidir le príomhfheithiclí na bhfeithiclí nua tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* dá bhforáiltear i bpointe 4.3; |
| $zevM_{sg}$ | sainordú na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha is infheidhme sa tréimhse thuairiscithe shonrach maidir le feithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* dá bhforáiltear i bpointe 4.3; |
| $rCO2_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 3.1.2 é; |
| $rCO2p_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 3.1.2 é; |
| $pv_{sg}$ | mar a chinntear i bpointe 2.4 é. |

4.2. Foghrúpaí feithiclí a áirítear agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróirí á ríomh

Áireofar na foghrúpaí feithiclí *sg* seo a leanas agus na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ $CO_2(X)$, na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ $T(X)$ agus conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ $ET(X)_Y$ á ríomh:

| X = 2025 | X= NO | X = MCO2 | X= MZE |
|---|---|---|---|
| foghrúpaí feithiclí, faoi réir spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a(1), pointe (a) | foghrúpaí feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar, faoi réir spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a(1), pointí (b), (c) agus (d) agus Airteagal 3a(3) | foghrúpaí feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar, faoi réir spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a(1) pointí (b), (c) agus (d) (Cóistí agus Busanna Rochtana Ísle Aicme II) | foghrúpaí feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar, faoi réir spriocanna i leith feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha de réir Airteagal 3d<br>(Busanna uirbeacha) |
